

I R I S D O N A O I S N U A

IRIS DONAOIS NUÁ

Eagrán 15

Eanáir 2000

£1.90



REVOLUTION  
DEVOLUTION

# NORÍA:

An bhfanfaidh sí le RnaG?

Féilire Ó Ciúin & Bobby Molloy

Oileáin Lofoten • Pápa Nua • Roadsigns • TG4










pobal



forbairt



teanga



*ag obair ar son phobal  
na Gaeltachta agus  
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta


Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh.

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: [eolas@udaras.ie](mailto:eolas@udaras.ie)

<http://www.udaras.ie>



Níor chuir TnaG riamh  
aon teora lena mianta...  
Leagamar béisim ón túis  
ar chláiracha den scoth...  
Seo chugainn anois  
an saol úr digiteach.

# Réabhlóid Éabhlóid

*Revolution Evolution*



Súil Eile

<http://www.tg4.ie>



## NORITA:

An bhfanfajdh sí le RnaG?  
www.rnag.ie

### CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,  
Casla,  
Co na Gaillimhe  
Teil: 091 572077  
Facs: 091 572076  
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie


Eagarthóir:  
Diarmuid Johnson

Riarthóir:  
Veronica Ní Ghriofa  
Dearadh:  
Caomhán Ó Scolaí  
091 572008

Clóchur:  
Jaycee Print

Grianghraif clúdaigh:  
Diarmuid Johnson

Scribhneoirí:  
Uinsionn Mac Dubhghaill,  
Diarmuid Johnson, Seán Mag  
Uidhir, John Hughes, Anton Mac  
Cába, Seosamh Mac Muirí, Dónall  
Mac Giolla Easpaig, Antaine  
Ó Faracháin, Des Johnson,  
Caitlín Úi Anluain, Labhrás Hunt,  
Seán Ó Corbáin.



Aarna fhoilsíú ag  
Foileacháin an Phobail Teo,  
Casla, Co na Gaillimhe.

# San eagrán seo



**GLUAISEACHT?**  
**CÉN GHLUAISEACHT?**  
Tá sé in am tuairisc Uí  
Eithir ar staid na Gaeilge a  
fhoilsiú, dar le hUinsionn  
**Mac Dubhghaill** 6



**CEANGAL NA gCÚIG GALL**  
Cá bhfios nach fada go  
mbeidh Alba agus an  
Bhreatain Bheag maraon  
le hÉirinn Aontaithe ina  
suí sa mBruiséil i measc  
na náisiún? arsa  
**Seán Mag Uidhir** 8 – 10



**TOGHCHÁN AN ÚDARÁIS**  
Líon na vótáí bosca ar  
bhosca ó na cúigí ar  
fad 12



**NORITA**  
Labhair Norita Ní Chartúir  
le **Diarmuid Johnson** faoi  
fhir na hÉireann, faoi  
mhná an raidió, agus chuir  
sí uirthi idir leathar, olann  
agus bhréidín 15 – 19



**DÚICHE SHEOIGHEACH**  
Bhí dinnéar ag **John  
Hughes** i mBaile  
Mheiriceá ar an gClock  
Bhreac, agus ní raibh  
an comhluadar ina dtost  
20 – 23



**AN FUINNEOG**  
Cuisle unearthes a diary of  
summer skies in Lapland;  
Roadsigns point to Gaoth  
Dobhair; **Seosamh Mac  
Muirí** makes a meal of  
Flahavans porridge oats,  
and internet censorship is  
this month's *Cnámh  
Spaire*. 24 – 29



**TG4**  
An Bóithrín Glas, DY2K,  
Teaghlaigh, agus Ceol  
ó Theach na Céibhe 26



**EADRAINN**  
Béarla ar RnaG; Fear  
gorm ina Phápa?;  
Eamon Ó Cuív V  
Bobby Molloy 32



**AN CHLÚID**  
Téann Rua ag snámh ach  
is deacair leis é féin a  
thriomú! Litreacha ó  
pháistí Ghaelsccoil  
Phádraig, Baile Phámar,  
agus bain úsáid as na  
seanmhaisiúcháin Nollag  
36

### DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt do gach duine nó do gach eagraíocht a  
éillonn sin, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i gCuisle. Téigh i dteagmháil  
leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig [cuisle@tinet.ie](mailto:cuisle@tinet.ie)  
faoin scéal.



AT SEA? Read our English summaries and sidebars wherever you find  
this symbol

## Gnásbhriseadh

IS BEAG atá sa saol nach gnás. Ach ní miste gnás a bhriseadh uair sa mílaois. Línte sios seachas abairtí trasna atá san eagarfocal seo más ea. Scríobadh iad nuair a briseadh gnás eile: rialú Thuaisceart Éireann ó Westminster. Tiomnaímíse na línte seo dóibh siúd a rinne an cheartíobairt le linn na staire – an íobairt gan chlú.

Tá mo lorg ar an bhfód seo  
Ach ní heol daoibh cér mé

Níl sloinne ar mo leacht  
Níl leacht ar m'uaigh  
Níl m'uaigh sa gcill

Bás ná fulaingt,  
Deoraíocht ná tarcaisne  
Níorbh in iad m'íobairt  
Ach an dearmad, an díth  
chuimhne

Gan amhrán i mbéal mo shleachta  
Le hamhráin nua a chosc  
Gan dán i leabhrán scoile  
Le dánta nua a chosc

Gan mo shamhail ar bhonn airgid  
Le samhailteacha nua a chosc

Tá mo lorg ar an bhfód seo -  
Dar libh gur sibh féin a  
thionscaigh é;  
Tá mo bhriathar ar bhur mbéil -  
Dar libh gur sibh féin a dùirt é:  
Ach is mise a thionscnaigh, is mise  
a dùirt

Thit fear eile  
Ach maireann a chlú  
Thit bhur laochra  
Agus tógadh a leacht  
Ach ní híobairt go titim gan éirí  
Ní híobairt go bás gan chlú

Dá mba mhór liom bhur  
mbuiochas

Dá mba mhór liom bhur dtrua  
Dá mba chás liom an clú  
Dá mba chás liom an leacht

Dá mba mhian liom an dán  
Dá mba mhian liom an íobairt  
Ní híobairt a bheadh ann

Tá mo lorg ar an bhfód seo  
Ach ní heol daoibh cér mé

Níl sloinne ar mo leacht  
Níl leacht ar m'uaigh  
Níl m'uaigh sa gcill.

## A NEW MODEL

 THERE ARE different views of society as we wake to the new millennium. Optimism: economists point to growth in the United States and Europe. Pessimism: humanists see democracy undermined by trade hegemonies and abuse of human rights. Alarm: environmentalists scream as rainforests tumble and the world's deserts advance. Awash in a sea of comment and information, are we aware of the prevailing currents in contemporary western civilisation?

One is change in the agricultural world. 'Extraterrestrial' is an ironic term recently adapted from sci-fi to describe western civilisation's departure from soil-dependant living. Our society doesn't produce its own food in the traditional way. The World Trade Organisation presided over debate in Seattle last month on the globalisation of agriculture and the food industry. Farming as practiced for millenia will soon barely exist. Notions of the fabric of rural society, and the interdependance of town and country, belong today to past centuries.

Western civilisation continues to exploit and rely heavily on non-renewable fossil fuels – coal, gas and oil. The industrial boom which has been continuing since the nineteenth century is largely built on these fuels. Gradual depletion and reduced availability of these –

coal, gas and oil - will trigger change in the way society is currently organised. Transport of huge amounts of goods will become impractical, and society will quickly reorganise itself in micro- rather than in macro-units, fuelled, for example, by wind, water, and the sun.

The model western civilisation currently subscribes to is one of production accompanied by consumption. This twin-engine is called economic growth. Growth in one field sets off growth in another. The dogma of economic growth has been questioned since the 1960s, but it is upheld in the West as the Soviet Union upheld the model of Marxist-Leninist communism in the East.

Economic growth as the sole model for our society is dated and redundant. It devalues anything which does not lead to an increase in productivity and overvalues everything which leads to an increase in consumption. Through its monotheistic faith in the model of economic growth, western civilisation has dehumanised itself, marginalised large groups of people, and made much of the population subservient to a system over which they have lost control.

History distinguishes three phases of civilisation: birth, growth, and decay. Evidence suggests that aspects of our (post)-industrial western society are in a state of decay. Rejuvenation, a fourth phase, will occur only when a new model for society is elaborated and embraced. People must be at the centre of this new model. People, not profit.



# Gluaiseacht? Cé



Agus ré nua i ndán do chúrsaí na teanga faoin socrú oiléanda nua, scrúdaíonn

**Uinsíonn Mac Dubhghaill** 'gluaiseacht' na teanga i mblianta deireanacha na Fichiú hAoise

"A BHFUL ann de ghluaiseacht na Gaeilge tá sí foirgthe le seanóirí nár scaoil smaoineamh nua isteach ina gcloigne le blianta fada ar fhaitíos go mbeadh orthu cursa a saoil d'athrú, rud nach mbeadh anois ar a gumas. Tá sé thar am go dtuigfeadh daoine atá i bhfábhar na hathbheochana nach mairfidh an teanga gan iarracht phearsanta de shaghas éigin uathu féin."

Breandán Ó hEithir, ceannródaí na hiriseoireachta Gaeilge ó na 1950í anall, a scríobh an méid sin roinnt míonna sular éag sé i 1990. Tuarascáil ar staid reatha na Gaeilge do Bhord na Gaeilge a bhí faoi chaibidil aige. Mar ba dhual dó, níor chuir sé fiacail ina léargas firinneach neamhspleách féin ar chúrsaí na teanga. Mar is dual do bhord stáit ar bith, cuireadh cosc ar a chuid tuairimí neamhthaith-neamhacha.

Níor fhoilsigh an Bord a thuarascáil go hoifigiúil ariamh, cé gur foilsiodh san *Irish Times* í. Más mian leat í a léamh, ní foláir duit dul i muinín an Acharta um Shaoirse Éolais agus iachall a chur ar an mbord – An Foras Teanga mar atá anois ann – í a scaoileadh chugat.

Sé oiliotacht eile as: "Tá sé in am féachaint ar chuid de na heagrais Ghaeilge nach bhfuil de bhallaíocht acu ach lán glaice daoine agus a fhiafraí cé dó a labhraíonn siad ar chor ar bith. Munar féidir leis na

heagrais dheonacha Gaeilge iad féin a eagrú níos éifeachtaí, comhoibriú níos fearr lena chéile agus aontú ar na spriocanna is práinní atá le haimsíú – agus sin taobh istigh de bhliain ó dháta na tuarascála seo – bheadh sé chomh maith acu crapadh suas agus an Ghaeilge a fhágáil faoi lámh mhabh an Stáit agus na seirbhíse poiblí."

Nach mar sin atá ag go leor eagraisí inniu, lucht na n-irisí ina measc?

Spreag Tuarascáil Uí Eithir neart cainte, ach ar spreag sí gniomh? Agus muid ag tarraingt ár gcosa thar thairseach na mílaoise nua, céard a d'athraigh ó shin?

IS É paradacs na linne seo go bhfuil spéis agus bá an phobail sa teanga ag dul i méid in aghaidh na bliana, ach nach bhfuil aon athnuachan gur fiú trácht air déanta ag na heagrais Ghaeilge chun teacht i dtír ar an spéis sin agus gluaiseacht fhuinniúil dheonach a atógál uirthi. Breathnófar siar ar na 1990í mar thréimhse inar cuireadh go leor deiseanna amú. Go deimhin, is féidir breathnú siar ar scribhinní Uí Eithir agus an bhunfhadhb chéanna a fheiceáil ar snámh iontu ó bhliain go bliain. An leanfar leis an bpátrún, nó an gcuirfidh an foras nua casadhl ar an scéal? Ag scríobh dó san iris *Comhar* in Aibreán 1960, scríobh Ó hEithir: "Nil aon 'aontú' i ngluaiseacht na Gaeilge. Reiteofar ceist na gcanúintí, déanfar dearmad ar fhíoch Chogadh na mBráthar, imeoidh na Blueshirts as cumhne na ndaoine, imeoidh an teoraími, ach fad is atá dhá scór cainteoir Gaeilge sa tír beidh na heagraicteái agat. "Beidh siad uilig ag déanamh ar an gcuspóir céanna ó na cearda céanna. Beidh siad uilig in éad lena chéile, ag líochán a chéile, ag tabhairt uisce chuig muileann a chéile, ag tochras ar cheirtlíní a chéile . . . Céarbh é príomh 'bhuck-cat' na

Gaeilge deich mbliana ó shin? Cé mhéad 'buck-cat' a bhí againn ó shin?" Céad bliain ó shin bhí na Conraitheoirí ar a gcuid rothar, ag dul isteach i ngach aon pharóiste sa tir lena dteachtaireacht réabhlóideach chultúrtha arbh í athsheatbhú na teanga an chuid ba thábhactaí di. Is iomaí costúlacht atá ann idir an t-am sin agus ár *fin-de-siècle* féin: ní gá ach breathnú ar athchóilíniú Bhaile Átha Cliath agus cathracha eile ag leithéidí Marks & Spencer, Boots, Debenhams agus Dorothy Perkins. Sna 1990í, áfach, agus ainneoin babhta *bónapartachais* (mar a déarfadh Ó hEithir) tráth a chomórtha i 1993, theip go follasach ar Chonradh na Gaeilge an bhunteachtaireacht riachtanach sin a chur i dtéarmaí na linne seo agus a chraobhscaoileadh i measc an phobail. Cuireadh dóchas as cuimse in uachtaráin amháin nó in uachtaráin eile, ach is ar éigean ar éirigh leo an dé a choinneáil sa dionasár. Measadh gurbh é Proinsias Mac Aonghusa an Slánaitheoir i dtús na 1990í, lena scileanna cumarsáide agus a thaithí iriseoireachta. Dúradh i gcogar go raibh aige cluas an Taoisigh, Cathal Ó hEochaíd, agus nach dtéipfeadh ar Bhonnie Prince Charlie an 'rud ceart' a dhéanamh in am an ghátaí. Theip, agus theip go dona: ghlac Ó hEochaíd aireacht na Gaeltachta chuige féin an fhad is a bhí sé ina Thaoiseach, rud a thug buille marfach dá neamhspleáchas maraireacht. Le linn na tréimhse sin ar fad níor tháinig sé ar cuairt go ceannaras Roinn na Gaeltachta ar Shráid na Mórchanálaíoch oiread is uair amháin.

Níos déanaí sna 1990í tháinig Slánaitheoir nua ar an bhfód i Sráid Fhearchair. Raidiceadh fuinniúil as Béal Feirste ab ea Gearóid Ó Caireallán, agus chaith sé go leor ama agus fuinnimh ag taisteal ó cheann ceann na tire ag iarraidh an ghaoth aduaidh a shéideadh faoin gcorpán

# en Óhluaiseacht?

Níor éirigh leis é sin a dhéanamh, áfach, agus faoi dheireadh a thréimhse bhiúthas ag rá gur mór dé ghaoth ná de bhí a bhain lena chuid iarrachtaí. Éagóir ar an gConradh e, áfach, gan aird a dhírití ar easnaimh na n-eagraíochtaí eile. Cheannaigh Gael-Linn foirgneamh breá i gceartlár Bharra an Teampaill roinnt blianta ó shin chun lárionad nua cultúrtha a dhéanamh de. Níor chualathas níos mó faoi ar feadh i bhfad agus ansin tháinig an scéal chun solais go rabhthas sa tóir ar cheadúnas dí don áit.

Is minic ráite gurb é fás na nGaeleoleanna an tuar dóchais is mó don teanga ag deireadh na Fíchu Aoise. Mas ea, ní leor an caidreamh poiblí a thuilleadh chun ceist shimplí amháin a sheachaint: cá bhfuil stáid? Cá bhfuil na mílte mílte daonáire a d'fhreastail ar na gaeleoleanna thar na blianta, mar níl a rian le feiceáil ar stáid na teange. An labhrann siad Gaeilge lena bpáistí? Agus cén cineál Gaeilge a labhrann siad? B'fhíré go mór roinnt taighde a dhéanamh ar an dá bhuncheist sí.

**AR nDÓIGH** is é scéal na teilifise scéal mór na 1990í ó thaobh na teanga de. Tá neart scríofa cheana faoin dóigh ar cuireadh feachtas láidir ar siúl chun í a bhaint amach, agus gur tháinig an fuinneamh agus an dúthracht chuige sin ó ghrúpa beag daoine a bhí ag feidhmiú taobh amuigh de na heagrais oifigiúla. Chuir an úire, an tsamhláiocht agus an fuinneamh a léirítear i gcuid mhaith cláracha ar TG4 iontas ar a lán ó thosaigh an stáisiún ag craoladh. Tá fadhbanna ann: cineál RTÉ Lite is ea an tseirbhís nuachta agus chuir an easpa airgid bac ar florbairtí tábhachtacha a threiseodh féiniúlacht an stáisiún. Go pearsanta, áfach, tá mé tinn tuirseach déan bhítsíocht shíoraí a bhíonn ag dul ar aghaidh faoi TG4. Scáthán é, go pointe, de



stáid na teanga faoi mar atá sí faoi láthair agus ní mar ba mhian le daoine gó imbeadh sí sa saol idéalach. Ach an oireadh le Proinsias Mac Aonghusa nó le Gearóid Ó Cairealláin ní Slánitheoir na Cuise é. Agus tá an meon oscailte a léirítear ann i bhfad Eireann: níos folláine ná an t-imleacáin a fhaightear rómhinic i measc na nGael.

**CEIST PHRÁINNEACH** i gcomhair ceist na Gaeltachta. I léacht a thug Seán Ó Tuama i 1993, léacht a craoladh ar RTÉ, diúrt sé: "The first thing that has to be faced up to by leaders of opinion, and in particular by leaders of Irish revival organisations, is that the Gaeltacht is slowly but surely dying away. That fact is incontrovertible, but many refuse to accept it, comforting themselves with the thought that they have heard all this before – and the Gaeltacht still lives on. "This is an example of the kind of anti-intellectual optimism which may be the worst enemy now of the restoration of Irish. It condones the lack of new strategies on the part of Government. It deflates the probability of urgent action." Spreag Ó hEithir bunú Phléaráca Chonamara

mar fhreagra ar a thuarascáil chonspóideach. Ar feadh roinnt blianta rinne dream beag daoine obair fhóntha chun na healaióna a chothú sa cheantar sin, agus thug siad spreagadh do mhuintir Chonamara lena bhfeile bhriomhar san fhómhar. D'eirigh coiste Phléaráca as oifig *en masse* i 1998, áfach, toisc go mb'fhacthas doibh nár bh fhiú leanacht le féile *phobail* munraibh an pobal sin sásta cuid den ualach eagrúchaín a iompar. Rinne socrú chun féie na bliana sin agus féile 1999 a chur ar siúl ach cá fhíad eile a leanfar leis gan an tacafocht riachtanach sin? An bhfuil tairngreacht Uí Eithir le fhoradh ar deireadh? Seans go bhfuil ceisteanna níos mó ann chomh maith faoin gcaoi a bhfuil an sochá ar fad ag athrú. Tá deireadh leis an obair dheónach i gcuid mhaith réimsí den saol, bionn daonáire faoi bhrú airgid agus ama ar bhealach nach raibh deich ní fiche bliain ó shin. Níl an Ghaeltacht ná na heagrasí Ghaeilge saor ó ghnáthathruithe an tsaoil. Sa Ghaeltacht ná i lár na príomhchathrach: is furasta a fheiceáil cé chomh himeallach, neamhthábhachtach is atá cuid mhaith de ghníomhartha traidisiúnta na hathbheochána. Fearacht Nero agus a chuid fidiléireachta tráth doite na Róimhe, leanfar Leo an fhad is atá diograiseoirí sásta é sin a dhéanamh. Is mór an náire é dóibh, áfach, gan aird níos mó a dhíriú ar an ngéarchéim teanga sa Ghaeltacht, ná ar cheisteanna bunúsacha faoi threo na nGaeleolaiocht. D'fhéadfadh an foras nua tú a chur leis an bplé le cúpla céim shimplí, dá mba mhian leis diospóireacht mhacánta a thosú. An chéad chéim ná na meáin chumarsáide a scoileadh isteach chuig cruinnithe boird. An dara ceann ná tuarascáil chonspóideach Uí Eithir a fhoilsíú ar deireadh thiartáll.

# Revolution, Devolution

**THE DEVOLUTION OF**  
power to Stormont and  
the democratisation of Údarás na Gaeltachta in early December furthered regionalisation in Britain and Ireland, a process set in train on May 1st 1998 when both Scotland and Wales voted for the establishment of national assemblies.

Údarás is a development agency, not a parliament, and so comparison with Stormont is a little creative. But both Stormont and Údarás na Gaeltachta are partly rooted in the civil rights movement which, though associated with the 60s, can be traced to black America in the midfifties.

The Údarás election made a good media event, and local interest was strong, but Charlie McCreevy's budget speech was sobering: most Údarás jobs are factory jobs, and most of them are low-paid. McCreevy's budget holds the Údarás workforce firmly in the tax-net making their jobs unattractive and frustrating Údarás' efforts. Due to this, and to over-investment in industry, the Gaeltacht now risks becoming an industrial desert of run-down factories. In a wider context, this smacks of the crippling of the coal industry under Thatcher, and reminds us that progress in Ireland involving Britain, from Gladstone to Blair, has often been realised under Labour.

Regionalisation is sometimes viewed as fragmentation; the transferring of power to small homogenous groups who soon show animosity towards others. Tragically, the Údarás election campaign illustrated this: on TG4's *Cead Cainte*, broadcast from Furbo, ugly reference was made to foreigners working in the Gaeltacht. This reference was reminiscent of whites' attitude to blacks, and northern Protestants' to Catholic, in recent times.

Provided it is given time, Stormont can only mitigate this animosity. And the context of Stormont is different now: the devolution of power from Westminster to



Diarmuid Johnson

Edinburgh and Cardiff has had a dismantling effect on the Britishness to which northern Unionists bear allegiance. Strangely, England has no government devoted exclusively to its own affairs, and since the Irish Republic has relinquished its claim on the six counties, a panUlster identity may emerge, blending various persuasions.

As we reflect on recent events, and latent developments, a word needs to be said of Stormont and the Irish language. The *cúpla focal* perfected by the Republican Party in the South may soon be the *cúpla focal* perfected by the Republican Party in the North. One challenge to the North will be to avoid repetition of aspects of the South's cultural history. But if Údarás can forget the origins of civil rights, Sinn Féin can forget that language is more than a political football.

Across the water, the hopes of Welsh language activists for a bilingual Assembly were enhanced by Plaid Cymru's strong showing in the referendum, and by the success of several Welsh-speaking candidates from Labour's ranks. The process of decentralisation in Wales was set in train during the seventies when four Plaid Cymru MPs, wielding considerable influence over a Labour government, pressed for a referendum in 1979. It was defeated, but the nationalists regrouped, arguing that the result was as much a vote of no confidence in the paltry measures being offered as a rejection of Welsh sovereignty. Yes votes in the Islwyn and Rhondda industrial valleys swayed the 1998 result.

A multi-tiered approach to democracy, from local authority to regional assembly, to 'national' parliament and on to Brussels has been evolving as a model over the past decades. With it a more liberal attitude to devolved and subsidiary power has emerged.



Seán Mag Uidhir

## Ce

Cá bhfios nach fada go bhfeice muid Alba agus an Bhreatain Bheag maraon le hÉirinn Aontaithe i measc náisiúin an Aontais Eorpaigh agus iad i bpáirtíocht le Londain agus le pobail uile na hEorpa?

DÉ HAOINE 17Ú NOLLAG bhí an chéad chruinniú i Lancaster House de chomhairle na n-oileán a bhfuil rialtas na Breataine, rialtas na hÉireann agus ionadaithe ó na tionól dhilárnaithe i Stormont, i gCaerdydd agus i nDún Éideann páirteach ann.

Cuireadh an chomhairle seo ar bun mar chuid de chomhaontú Aoine an Chéasta. Tuigeadh go raibh an chomhairle de dhíth ar na hAontachtóiri ó thuaidh ionas go mbeidís ábalta na fearais thras-torann a dhíol lena bpobal féin.

Comhairle seo na n-oileán, is cuid í de na hathruithe móra polaitiúla agus bunreachtúla atá ag tarlú sa Bhreatain Mhór. Tá athstruchtúrú á dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe de réir mar atá an chumhacht ag dul i dtreo na Bruiséile agus Strasburg agus 'stát' mór Eorpach cónascach ag teacht chun cinn.

In Éirinn tá cúiseanna ar leith leis an ghluaiseacht i dtreo dhilárnu cumhachta. Ar ndóigh cuireadh parlaimint ar bun ó thuaidh i 1921 de réir Acht Rialtas na hÉireann a rinne críocha na hÉireann a dheightilt.

Agus cé gur deineadh iarracht mhór féinriail a chur i bhfeidhm sa Tuaisceart le 50 bliain, ní raibh

# angal na gCúig Gall

náisiúntoirí na tíre ag sileadh na ndeoir nuair a bhain rialtas Ted Heath na cumhachtaí de na hAontachtóirí i Márta 1972 tar éis leathchéad bliain.

Bhí an tréimhse rialtais sin chomh leataobhach 's go raibh náisiúntóirí na Sé Chontae ag ceiliúradh agus 100,000 dílseoirí bailithe ag Stormont le hagóid a dhéanamh in aghaidh Londain. Ach cé gur chuir Westminister deireadh le Stormont ba léir i gcónaí gurbh fhearr le rialtas na Breataine go mbeadh tionól ó thuaidh a mbeadh cumhachtaí feidhmeannacha éigin aige.

Baineadh triail as sin i 1973-'74 go dtí gur chuir stailc an UWC deireadh le feidhmeannas Faulkner agus Fitt, baineadh triail eile as i 1975 sa Chomhdháil, i dtionól eile i 1982, agus is iarracht den chineál céanna a bhí i gcainteanna Pheter Brooke ag túis na '90í. Bhain na Coimeádaithe agus Páirtí an Lucht Oibre araon triail as an dílárnu cumhachta.

*D'fhuiling Albain agus an Bhreatain Bheag go mór faoi rial Thatcher'*

BHÍ DHÁ REIFREANN sa Bhreatain Bheag agus in Albain i 1979 ach ní raibh go leor tacaíochta ann do thionól reigiúnda nó náisiúnta. Ach chuir tionchar an Aontais Eorpach agus Margaret Thatcher agus 18 mbliana de rial choiméadach athru ar dhearcadh na bpobal thall maidir leis an dílárnu.

D'fhuiling Albain agus an Bhreatain Bheag go mór faoi rial Thatcher agus a comhghleacaithe. Dhruid sí na seantionscail déantúis agus chon-



Tony Blair

pic: Photocall

acthas do náisiúntóirí na hAlban go rabhthas ag úsaid ola na hAlban lena cuid polasaithe eacnamúla a chur i bhfeidhm ar fud na Breataine.

Cé go ndeachaigh an Bhreatain agus Éire isteach san Aontas Eorpach an lá céanna in Eanáir 1973 níor bhí ionann sprioc dóibh. Chuaigh an Bhreatain isteach agus tuairim aici go raibh sí ar cheann de thíortha móra an domhain fós. Tá gaoth láidir fós ag séideadh in aghaidh na hEorpa sa mBreatain, agus ní fálteach fuacht a bhíonn roimh iarrachtaí chun an ceangal idir tíortha an AE a neart. Dhiúltaigh siad glacadh leis an Euro agus scoilteadh an páirtí coimeádach go hiomlán mar gheall ar cheist na hEorpa.

Ar an taobh eile den scéal ghlac rialtas i ndiaidh rialtais in Éirinn go

fonnmhar leis an Aontas. D'fhliuch Éire na maidí rámha le thíortha móra na hEorpa cé nach raibh an eaglais ná feirmeoirí na tíre ar aon bhuille leis na polasaithe nua eacnamúla agus sóisialta. Tríd 's tríd, is léir do dhuine i dTuaisceart Éireann gur éirigh thar barr le hÉirinn de bharr cheangal na hEorpa, chan amháin ó thaobh feabhas saoil agus trádála, ach mar gheall ar an léargas a fuair muintir na hÉireann ar na hathrúithe a bhí ag titim amach sa chóras domhanda.

Go dtí 25 bliana ó shin is scáthán de chuid na Breataine a bhí in Éirinn. In imeacht na gcéadta, chuaigh na milliún ón oileán seo anonn ar thóir na hoibre agus caighdeán saoil ab airde ná a bhí le fáil sa bhaile.

*'Tá gaoth láidir fós ag séideadh in aghaidh na hEorpa sa mBreatain, agus ní fálteach fuacht a bhíonn roimh iarrachtaí chun an ceangal idir tíortha an AE a neartú'*

Bhí an Bhreatain ar an pháirtneir trádála ba mhó dá raibh againn. Ach chuir an AE i dteagmháil le muintir na hEorpa sinn agus diaidh ar ndiaidh d'athraigh idir ár spleáchas ar an Bhreatain agus ár ndearcadh féin i leith an chultúir dhúchasaigh. Ní haon timpiste gur le 25 bliana anuas a tháinig an borradh i ngluaiseacht na Gaeilge agus muid ag cur aithne ar phobail na hEorpa.

# REVOLUTION, DEVOLUTION

Thuig muid go bhfuil rud luachmhar againn. Agus chomh maith leis sin d'fheabhsaigh an saol go gasta.

Tugadh suntas do na hathruithe seo in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Le blianta fada anuas tá Alex Salmond, ceannaire pháirtí na náisiúntóirí in Albain, ag úsáid na hÉireann mar shampla den sórt dul chun cinn arbh fhéidir le náisiúin bheaga a dhéanamh taobh istigh den A.E. Mhol Salmond ar feadh na '90í go raibh a leithéid Dháil Éireann de dhíth ar Albain.

*'Tá an Lucht Oibre ag iarraidh a chinntiú nach mbeidh cumhacht iomlán ag na Coimeádaigh arís'*

AN RUD BA NIMHNÍ a tharla do na hAlbanaigh agus do na Breatnaigh le linn Thatcher nach raibh ach fiorbheagán de na feisirí a thogh siad do Westminster ina mbaill den pháirtí Coimeádach. Vótáil siad don Lucht Oibre ach is vótaí balbha a bhí

iontu mar vótáil deisceart Shasana do Thatcher agus na daoine a lean í. D'fhás an t-éileamh do pharlaimint náisiúnta ar feadh na '90í agus nuair a tháinig Tony Blair i gcumhacht gheall sé reifreann in Albain agus sa Bhreatan Bheag.

Ar bhealach tá an Lucht Oibre ag iarraidh a chinntiú nach mbeidh cumhacht iomlán ag na Coimeádaigh arís sa tir fiú má thagann siad ar ais i gcumhacht am éigin amach anseo. Ach chomh maith leis sin tá Blair ag iarraidh an Bhreatain a choinneáil le chéile agus tuigeann sé go gcaithfidh sé roinnt cumhacta a dhíslárnú le suaimhneas a choinneáil sna pobail 'Cheilteacha'. Mar sin tá sé ag dilárnu na cumhacta braon ar bhraon.

Is seanghnás de rialtas na Breataine Alba agus an Bhreatan Bheag a riadaradh trí oifigí sna tíortha sin ar nós oifig Thuaisceart Éireann. Mar a tharla ó thuaidh ghlac na hairí nua cuid mhór de na cúramí a bhí ag airí de chuid na n-oifigí sin.

Tá níos mó rudaí ar féidir leis na hairí ó thuaidh tionchar a imirt orthu ná in Albain nó sa Bhreatan Bheag.

Níl amhras ar bith go n-aithníonn Westminster go bhfuil gaol ar leith ag an dá stát Éireannacha le chéile ainneoin na ndifríochtaí traidisiúnta, agus níl aon ghealltanás tugtha ag Westminster do mhuintir na hAlban nó na Breataine Bige gur féidir leo an Ríocht Aontaithe a fhágál más mian le tromlach an phobail sin.

An gcuirfidh na tionóil seo uilig an t-éileamh do pharlaimintí neamh-spleácha ó dhoras? San fhadtréimhse ní shílim é. Léiríonn an taithí ó dheas gurbh fhearr féinrialú do dhaoine nuair atá siad ag plé leis an Aontas Eorpach agus a chuid struchtúr réigiúnada.

Tiocfaidh an t-am a mbeidh difríochtaí móra idir mianta na dtionól thall agus parlaimint Westminster. Cad é a thitfidh amach nuair a bheidh easaontas idir tionól na hAlban agus Westminster? Is féidir go mbeidh an Lucht Oibre ábalta na scoilteanna a chlúdach san am i láthair mar tá an tromlach acu, ach má athraíonn sin beidh Westminster agus na tionóil réigiúnada i ngleic le chéile.

## EDINBURGH

The main powers over Scottish affairs reserved by Westminster concern: the Constitution; foreign affairs; defence; the civil service; financial and economic matters; national security; immigration and nationality; misuse of drugs; trade and industry (competition, consumer protection); electricity, coal, oil, gas and nuclear energy; many aspects of transport (railways); social security; employment; abortion; genetics, surrogacy, medicines; broadcasting; equal opportunities.

Scottish Parliament has the power to legislate on other matters. The main devolved matters are: health; education; training policy and lifelong learning; local government; social work; housing; planning; economic development; financial assistance to industry; tourism; some aspects of transport (the Scottish road network); bus policy; ports and harbours; most aspects of the criminal and civil law; criminal justice and prosecution system; courts; police and fire services; environment; natural heritage; built heritage; agriculture; food standards; forestry; fisheries; sport; the arts; statistics; public registers and records.

## STORMONT

The Northern Ireland Assembly at Stormont is constituted by the following departments: agriculture; economic development; education; environment; finance and personnel; health and social service; arts culture and leisure; social development; regional



Caisleán Stormont


pic: Photocall

development; higher education and training.

Westminster reserves its power over: security and policing; armed forces and defence; tax raising powers; constitutional matters. The Northern Constitution can however be changed by a majority of the people. Government in Northern Ireland must be based on power-sharing and agreement from a majority of both the nationalist and unionist blocs.

# Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

## Teastas Náisiúnta i gCórais Eolais Oifige



### Aidhm:

Freastal ar scoláirí ón Ghaeltacht agus orthu sin ón Ghalltacht a bhfuil líofachta acu i scríobh agus i labhairt na Gaeilge, agus ar riachtanais na gcomhlachtaí agus na n-eagras sin a dhéanann gnó trí Ghaeilge.

Déantar staidéar ar ábhair agus ar scileanna rúnaíochta, riarracháin, gnó agus teicneolaíochta nua.

### Deiseanna Fostaíochta:


- le heagrais mar Údarás na Gaeltachta, Bord na Gaeilge, srl.
- le comhlachtaí arb í an Ghaeilge nó an Béarla a dteanga oibre.
- mar Chúntóirí Gaeilge i meánscoileanna na Sé gCondae.

### Tuilleadh Staidéir:

National Diploma in Business Information Technology  
Bachelor of Business Studies

Gach eolas ó: Séamus Ó Cnáimhsí, Ceannaire na Scoile Staidéar Gnó,  
An Institiúid Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn. Fón: 074-64170

# CUISE



Subscribe to Cuisle • Bí i do Shíntiúsóir

Ainm / name .....

Sloinne / surname .....

Seoladh / address .....

Teil / tel .....

Ríomhphost / email .....

Síniú / signature .....

Dáta / date .....

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25  
Mór-Roinn na hEorpa 40 euro\* An chuid eile den domhan US \$80\*

\*nó a chomhionann in airgead na tíre



# TOGHCHÁN ÚDA

Seo a leanas torthaí thoghchán Údarás na Gaeltachta i gClarraí, i nGaillimh agus i dTír Chonailí. Ionad vótála ar ionad vótála, iarrthóir ar iarrthóir atá rangabhlí orthu. Tá leárgas iontu ar an teora agus ar an réimse a bhf le tacafócht gach iarrthóra, agus tá difiseacht páirtí agus eile le líamh orthu. Is ar tairisí atá na figiúrlí bunaithe. Na hulmhreacha idir tigibní (2) is ionann sín agus lón na mboscaí. De ghrá na soléiteachta, fágadh beagán ionad ar lár áit nach raibh i gceist ach doinán vótáil. Is difri spéise an céadchódán votáil a caltheadh de lón iomlán na vótóirí cláraithe. Bainfear adhmaid as an ngné seo den eolas agus díospóireacht faoin nGaeltacht á cothú ag an coimisiún Gaeltachta a bhfuil Tadhg Ó hÉalaith ina chathaoirleach nuacheaptha air.



Boscaí

	Mac Gearailt, Breandán	Mac Gearailt Tomás	Mac Gearailt, Seamas Cosáí	Ó Sé Diarmaid	Iomlán
An Mhuiríoch	91	69	55	1	216
Feothanach	59	190	52	3	304
Baile an Fheirtéirigh	204	36	88	0	328
Dún Chaoin	70	5	12	3	90
Cill Mhic a' Dhomhnaigh	54	18	43	2	117
Ceann Trá	108	12	37	0	157
Baile an Ghóilín	46	15	46	4	111
Baile Uí Shé	45	8	60	0	113
Daingean (4)	393	123	386	5	907
Lios Póil	91	20	118	0	229
Minard	63	18	74	0	155
An Clochán	38	62	72	0	172
Iomlán	1262	576	1043	18	2899
% i gCorca Dhuibhne	43.4	20.0	36.0	0.6	

Boscaí	BÁINÍN O FOIGHIL Pól	CREAVEN Seán	Ó CUAIG Seosamh	Ó CURRAOIN Tomás	HALLIDAY Jack	JOYCE Mossie	MYLOTTE Eamonn	NIC DHONNCHA Eithne	NÍ PHATHARTA Connie	Ó BIADHA Pádraig	Ó LOINGEASIGH Seán	Ó NEACHTAIN Seán	Ó TUAIRISG Seán	ÚIRAINNE Caroline	Iomlán a Caiheadh na Vótóirí Cláraithe	Iomlán na Vótóirí Cláraithe	% a caiheadh
Achréidh (6)	52	61	14	25	7	6	5	20	40	2	1	103	57	8	401	2906	13.8
Céantar Mhaigh Chullinn (4)	39	14	38	14	14	0	10	4	10	1	1	75	18	4	242	1689	14.3
Céantar Bhearna (3)	40	9	23	146	29	7	2	4	5	0	2	82	24	1	374	1582	23.6
Na Forbacha	36	0	23	88	42	0	1	8	14	0	5	88	31	1	337	1149	29.3
Learnmhocholl	4	1	0	1	0	0	0	0	4	0	0	5	2	1	18	169	10.7
An Spidéal (2)	126	7	88	41	6	0	42	0	14	2	5	190	41	8	570	837	68.1
Sailearna (2)	105	2	87	20	1	1	0	0	20	5	16	29	148	8	442	957	46.2
An Tulach	45	3	24	17	0	2	0	3	19	3	11	24	74	5	230	604	38.1
Ros a' Mhíl	24	4	25	9	0	2	0	2	51	8	3	16	32	8	184	535	34.4
An Cheathrú Rua	63	2	111	7	0	14	3	6	240	46	15	33	20	18	578	1609	35.9
An Tuairín	19	0	9	5	0	0	1	3	19	46	26	5	0	6	139	414	33.6
Leitir Móir	31	0	15	9	9	0	5	0	21	21	56	4	1	7	179	546	32.8
Leitir Mealláin	3	0	5	3	3	0	0	1	1	1	93	0	0	76	186	302	61.6
Tír an Fhia(2)	23	5	3	1	0	0	1	0	34	165	41	3	0	61	337	907	37.2
Camas	9	1	42	7	7	0	1	2	39	39	14	8	15	0	184	366	50.3
Turlach Beag	4	0	97	1	1	1	0	12	9	9	26	1	10	0	171	470	36.4
Loch Con Aortha	4	0	77	0	0	0	6	31	5	5	2	0	1	0	131	238	55.0
Ard Mór	5	1	141	3	3	2	2	65	1	1	7	7	2	0	240	522	46.0
Carna	2	0	85	0	0	1	1	18	9	9	0	3	2	1	131	384	34.0
An Aird Thiar	4	0	65	1	1	1	1	22	6	6	3	1	0	1	112	377	28.7
Caiséal	4	0	12	0	0	2	2	4	8	8	7	1	5	1	54	219	24.7
Cloch na Rón	3	0	5	0	0	0	0	1	1	1	0	0	6	9	26	80	32.5
An Clochán	0	0	0	0	0	0	2	0	4	0	1	0	1	0	8	25	32.0
Sraith Salach	6	1	9	6	0	14	11	7	17	0	0	0	22	0	93	227	41.0
Tír na Cille	3	0	1	1	1	1	7	2	5	3	0	3	77	0	104	234	44.4
An Cloch Bhreac	0	0	2	1	0	3	0	0	1	1	0	0	99	0	107	176	60.8
Corr na Móna	12	0	1	6	0	0	7	2	0	0	0	3	237	1	269	380	70.8
An Fháirche	10	2	5	0	0	0	3	0	2	0	0	3	209	0	234	401	58.4
Cunga	1	0	0	1	0	2	0	1	2	0	2	1	83	1	94	195	48.2
Cill Rónáin	8	1	5	1	0	116	2	0	0	3	0	14	9	0	159	294	54.1
Fearann na Coirce	5	2	6	1	0	132	0	0	3	2	0	11	1	0	163	338	48.2
Inis Meáin	41	0	2	1	0	34	0	0	2	0	5	12	5	0	102	182	56.0
Inis Oírr	23	0	16	2	0	15	1	1	4	0	1	21	30	0	114	222	51.4
Cathair na Gaillimhe (15)	99	397	98	53	33	12	15	42	48	22	9	80	57	26	991	5955	16.6

# RÁS NA GAELTACHTA



Boscaí

	ALCORN Dailí	MAC BREARTAIGH Séamus	MAC RUADHRI Séamus	NÍ GHREÁCHÁIN Nóra	Ó BAODAILL Seán	Ó CEALLAIGH Pádraig	Ó COLLA Feargal	Ó DOCHARTAIGH Pádraig	Ó DOMHNAILL Brian	Tomáin a Gáitheachd	Tomáin na Vótáin Gíralthe	Céadchodáin na Vótáin a cathaíeadh
An Charraig	7	158	5	3	4	2	0	50	11	240	372	64.5%
Gleann Cholm Cille	11	103	4	2	26	3	0	24	2	175	374	46.2%
Cogúis	2	82	4	1	1	2	1	23	0	116	161	72.0%
Cill Chártha	5	121	11	1	3	3	1	31	0	176	211	83.4%
Doire Leathan	5	197	17	0	10	8	0	28	4	269	194	72.0%
Maílann Bhig & Maílann Mór	9	69	0	3	0	0	0	0	25	106	140	75.7%
Teileann	0	93	4	1	5	3	0	13	0	119	210	56.6%
Na hAcráí & Mín Mór	275	6	21	1	0	1	1	10	0	315	546	57.6%
Árainn Mór (2)	121	2	71	2	4	2	1	13	0	216	377	57.3%
Anagaire	58	3	159	39	1	4	16	19	8	307	622	49.3%
Baile na Finne	8	14	29	2	158	2	11	13	1	238	359	66.3%
Béal na Cruite/Min Beannóid	143	6	104	11	0	4	5	3	1	277	912	67.0%
Bun Beag (2)	33	3	15	46	22	20	46	173	64	422	836	50.2%
Caiseal na gCorr	2	0	0	0	0	28	13	28	121	192	278	69.0%
An Cheathrú Ceannainn/Baile Bo	1	0	2	0	3	118	5	7	74	210	374	56.0%
An Cheathrú Ceannainn/Tulach a' Bheigl	2	0	3	3	3	62	2	16	90	181	317	57.0%
An Fál Carrach	3	10	18	4	7	353	8	33	319	745	1435	52.6%
Bun an Inbhir/Cnoc Fola	7	0	6	4	3	22	63	51	63	219	600	36.5%
Cnoc Fola	2	0	2	0	1	17	24	3	28	77	153	50.0%
Doirí Beaga(2)	39	0	8	29	21	29	88	277	59	550	947	58.0%
Dolra Chonaire	6	1	17	2	0	98	12	39	118	293	379	77.0%
Dubhchoraidh	69	3	37	0	25	0	3	3	3	143	243	58.8%
Dobhar	35	1	23	21	22	15	24	75	45	261	439	59.0%
Droim na Croise	0	0	4	0	2	0	0	0	0	6	12	50.0%
Glasán	0	0	0	0	3	1	1	2	7	14	28	50.0%
Gort a' Choircé	5	0	6	3	0	65	3	22	255	359	428	84.0%
Céideadh	110	0	28	4	0	0	9	9	0	160	336	47.6%
Leitir	45	1	57	14	1	3	10	2	0	133	219	60.7%
Leitir Cao	49	0	4	3	3	2	4	0	1	66	145	46.5%
Loch an Iúir	52	1	62	14	4	0	7	1	6	147	356	41.3%
An Luinnígh	29	0	3	16	27	25	44	63	67	274	363	75.5%
Machaire Rabhartaigh	2	0	6	1	3	66	3	45	133	259	529	49.0%
Mín a' Chláidh	4	0	3	2	0	18	1	5	32	65	127	51.2%
Mín na Croise	45	0	36	1	0	0	0	0	0	82	187	43.9%
Mín a' Ghabhalinn	51	9	73	0	19	1	1	15	1	170	307	55.4%
Mullach Dubh	43	5	83	53	0	0	3	30	0	217	427	50.8%
Rann na Feirste	73	2	44	43	4	1	16	9	3	195	470	41.5%
Roisín	75	7	22	2	3	0	6	3	11	129	322	40.0%
Toraidh	1	0	1	0	2	20	0	52	0	76	118	64.4%
Trianach	21	1	8	0	4	0	0	4	4	42	69	60.8%
Brocach	6	0	5	0	44	0	1	4	1	61	105	58.1%
An Cuimín	7	3	3	1	109	7	2	16	4	152	219	69.4%
Baile Mhicheáil	7	0	0	2	97	32	5	19	17	179	339	52.9%
An Caiseal/Cearn Droma	0	0	0	0	83	18	0	19	13	133	280	47.5%
Creamhairt	0	0	0	0	4	2	1	0	5	12	16	75.0%
Duach Beag	0	0	0	1	21	5	0	3	2	32	55	58.2%
Gleann Bhairr	1	0	2	0	43	6	0	1	12	65	126	51.6%
Ceann a' Learga	15	1	6	1	46	29	10	45	94	247	392	63.0%
Tearmann	1	0	4	1	26	6	8	6	54	106	152	69.7%
Umlagh/Carraig Airt	2	2	1	1	11	6	0	7	37	67	214	31.3%

**Gach Dé Luain, ar 23:15  
tar éis an Scannán ar TG4,  
a chraolfar**

# **IDIR MHAGADH 'S DÁIRÍRE**

**as seo amach.**

**Tá fáilte roimh scéalta, smaointe faoin gclár  
agus do chomhluadar.**



[fntr@oceanfree.net](mailto:fntr@oceanfree.net)

An Fhiontarlann Teo.,  
Cuilleán,  
An Cheathrú Rua,  
Co. na Gaillimhe.

**SCUN SCAN**  
Scanning & Copy Services

**SCANNÁIN  
DOBHARCHÚ**



**An Fhiontarlann**



**Is fada muid ag éisteacht le Norita Ní Chartúir ar Raidió na Gaeltachta. Ach cén t-éadan a chuirfeá leis an nglór? Thug *Cuisle* cuairt ar Norita: labhair sí ar fhir na hÉireann, ar mhná an raidió, agus chuir sí uirthi cuid den éadach is maith léi a chaitheamh, idir leathar, olann agus bhréidín.**

**Cuisle: Tá a fhios againn gur as Conamara thú, a Norita, ach cén áit go baileach?**

Norita: Is as Cinn Mhara mé i gCamas. In Indreabhán atá mé i mo chónaíanois, ach dá mbeadh an rogha agam, ba mhaith liom a theacht abhaile agus cónaí sa mbaile i gCinn Mhara. Tá mé ag iarraidh a bheith i gConamara. Ní duine mé a raibh an oiread sin fonn orm imeacht i bhfad ó bhaile. Fiú nuair a bhí mé i Meiriceá bhí an t-uaigneas orm. Ba bhreá liom teach a thógáil i gCinn Mhara, ach níl a fhios agam cén chaoi a mbeidh sé ó thaobh cúrsái pleanála anois.

**C: Tá suim agat in éadach agus i gcúrsaí faisint. Inis dom faoin gcóta atá ort sa bpictiúr.**

N: Sa Tuirc a fuair mé an cóta dearg seo. I mbaile Bodrom ar an gcósta thoir áit a dtéann muintir na Tuirce iad féin agus an dream saibhir. Bhí mo dheirfiúr Máirín liom agus mo dheirfiúr is óige, Bríd, agus cara liom féin . . .

# NORITA



Bhí mo dheirfiúr, chonaic sí an cóta seo, agus isteach liomsa sa siopa in éineacht léi. Thaitnigh an cóta liom. Is breá liomsa dearg. Feileann an dath dearg dom. Agus sin é an chaoi ar cheannaigh mé an cóta.

**C: Bheadh pingin mhaith ar chóta mar sin.**

N: An rud ba shuntasáí faoi nuair a bhí airgead na Tuirce aistrithe - cheap mé go mbeadh lán ladhair air - ach ní raibh. Fuair mé an cóta ar chéad punt. Agus tá praghas curtha agam ar chóta fiorchosúil leis, an dearadh agus an stil, ó shin: £350.

**C: Cé a rinne an cóta?**

N: Is iad an dream ar cheannaigh muid an cóta uathu a rinne é. Sin ceann de na ceirdeanna atá ag na fir thall ann. Fir ar fad, ní fheicfidh tú mná ag obair sna siopáin seo ar chor ar bith.

Tá traidisiún an-deas ann. Chaith muide trí huaire an chloig istigh sa siopa ag triail seo agus siúd agus ag ól *apple tea* mar sin é a thugann siad duit.

**C: Leathar atá ann, ab ea?**

N: Leathar, 'sea. Leathar an-bhog atá ann. Is maith liom an cóta mar gheall ar an *hood* atá air. Is féidir é a chaitheamh ar go leor bealaí. Tá sé éadrom.

**C: An gcaitheann tú an dearg móran?**

N: Is breá liom é. Tá *cape* dearg agam, tá cótaí dearga agam. Bheadh bliúsannaí, bheadh gúnaí. Tá leathar liath thíos ar an muinchille freisin, agus má ionpaíonn tú an hood, má chaitheann tú aniar é ar do chloigeann, tá an dath liath sin air féin. Tá bealaí difriúla leis an gcóta a dhúnadh. Tá *zip* ann taobh istigh. Is féidir é sin a fhágáil oscailte agus é a dhúnadh agus é a thrasnú ar an mbarr leis na cnaipí. In fochtar air d'fhéadfá é a tharraingt isteach an-ghar duit leis an *draw-string* agus tá ceann sa mbásta freisin. Bhain mé as é, níor thaitin sé liom. Níor mhór a bheith


chomh tanaí le biorán leis sin a úsáid.

**C: Bíonn an-spéis ag go leor ban sa bhfaisean. An bhfuil níos mó rogha ag na mná ná ag na fir ó thaobh faisín agus éadaigh?**

N: Déarfainn go bhfuil fir na hÉireann ag athrú. Nuair a bhíonnse ag dul amach fadó, is beag nach mbeifeá in ann a rá go mbeadh bríste gorm nó bríste dubh agus léine bhán nó léine ghorm ar na fir. Anois bíonn chuile dhath faoi spír orthu. Fear a chaithfeadh léine dhearg, nó dath láidir mar sin, chaithfeadh misneach a bheith aige. Feicfidh tú fir anois agus léine bhándearg orthu – pinc. Tá rogha ann ach nach mbíonn siad sásta athrú. Gabh isteach i siopa ar bith agus breathnaigh ar na léinte agus na carbhait.

**C: Nuair a d'fheicfeá-sa fear an ndéarfá leat féin, tuigeann an fear sin na dathanna a fheileann dó, nó a mhalairt?**


N: Is minic a d'fheicfeá fear le léine dheas agus bríste deas, *ach* na bróga míchearta. Dá bhfeicfinne fear agus léine dheas air, déarfainn leis é agus is minic a deirim. Dath eile a fheicimse á chaitheamh ag fir anois nár chaith siad ná dath corra – *purple*. Tá baint ag na mná leis sin. Nuair a thosaíonn mná agus fir ag dul



*'Ní thaitníonn leathar le chuile dhuine, ach taitníonn sé liomsa.'*



*'Bheadh sé go deas bean a bheith i gceannas ar RnaG'*



IS Í MO mháthair a cheannaigh an cóta bréidín seo tigh Mháille, i nGaillimh. Cota uafásach tróim atá ann. Ach caithim gaeinic é i gcaitheamh an gheimhrídh. Is í mo mháthair a cheannaigh an cóta, ach dúradh liomsa é a bhailí ar aon nós. Ach thabharfadh sí an leabhar nuair a tháinig an cóta abhaile nach é an cóta ceart a bhí ann. Tá oiread dathannaí sa gcoita sin — tá dathannaí corra agus oráiste, buí — bhuel dúirt sí nár bhí é an cóta ceart a bhí ann. Tharraing sé ba bodhra as coillte. Ach tá mise chomh cinnte 's atá mé anseo gurbh é an cóta ceart a bhí ann, mar bhí a hainm agus seoladh air. Tá an cóta sin deich mbliana d'aois

*'Ba bhreá liom teach a thógáil i gCinn Mhara, achi níl a fhios agam cén chaoi a mbeidh sé ó thaobh cursaí pleanála anois.'*

agus ní ghlanaim é ach uair nő dhó sa mbliain, mar coinneann an bréidín. Bréidín Dhún na nGall

déanta ag Jimmy Hourihan, i nGaillimh a cheannaigh mé an scairf agus an hat.

amach in éineacht le chéile, déarfaidh tú leo é. Ach tá fear ann agus bean ann, agus cuma céard a déarfas tú leo ní athróidh tú go deo iad. Tugaim na stocáí faoi deara. D'fheicfeá stocáí cosúil le rúd a thabharfadh duine isteach sa leaba. Bobaillíní báin a orthu. Ní maith liom dathanna dorcha ar fhír ach oiread. Ní maith liom dath dúghorm — *navy*. Cuireann sé cantal orm. Mar an dath is gaire don chraiceann, sin é an dath a chaitheann solas ar do chraiceann.

C: Deir tú go bhfuil rogha ag na fir dá mbeidís sásta athrú, ach ar beag difríocht san éadach a chaitheann fir na hÉireann samhradh agus geimhreadh? Na brístí gearra agus na *sandals*, ní mórán fir a chaithfeadh an da rúd sin in Éirinn.

N: Ní mórán b'fhéidir a bheadh ar chomhaois linne, a Dhiarmuid, ach feicim an dream óg á gcaitheamh. Ach is fíor-chorrfeadh a chaithfeas brístí os cionn na glúine. Ach feicimse ceoltóirí agus amhránaithe cuir i gcás



*'Ní maith liom dath dúghorm.  
Cuireann sé cantal orm'*

agus na *sandals* orthu.

C: An rud ealaíonta mar sin atá sna *sandals*?

N: Níl a fhios agam ab ea!

C: An gcaitheann siad in RnaG iad, sa samhradh?

N: Tá daoine ann.

C: Cé a chaitheann iad?

N: Ní fhéadfainn é sin a rá. Beidh ort féin a ghabháil ag fiosrú! Ach tá daoine ann a chaitheann an bríste gearr. Tá daoine ag athrú. Ach ní fheicfidh tú fear ag dul isteach i bpub agus bríste gearr orthu. Ach fós nuair a imíonn siad as an áit, nach aisteach an rud é! Déanann muid uileog é. Ní bheidh daoine ag breathnú orm anseo agus déanfaidh mé mo rogha rud agus caithfidh mé mo rogha rud. Tá cúthaileacht ag baint leis.

C: Tá muid ag caint ar an Raidió. Cogar liom seo, cá fhaid dar leat go mbeidh bean ina ceannasaí ar RnaG?

N: Tá roinnt mhaith ban i gceannas in áiteacháí difriúla i Raidió na Gaeltachta.

C: Agus an mbeidh duine acu i gceannas ar fad amach anseo?

N: Cá bhfios?

C: Ar mhaith leat é sin a fheiceáil?

N: Ba mhaith liom an té is fearr a fheiceáil i bhfeighil an phoist. Bheadh sé go deas bean a bheith i gceannas. Tá go leor leor déanta ag na mná i Raidió na Gaeltachta le deich mbliana anuas. Tá go leor de na mná tagtha chun cinn i gcúrsaí iriseoireachta. Agus is é an scéal céanna ar fud na tíre é, mná ag plé le riarrachán agus bainistíocht, abair Helen Shaw in RTÉ.

C: Ach na glórtha údarásacha a bhíonn ar na cláracha nuaíochta, nach fir iad sin, Seosamh Ó Cuaig nó Seán Ó Tuairisg, cuir i gcás?

N: Faoi láthair sin mar atá sé, ach má bhreathnaíonn tú ar na daoine atá ag plé le nuacht agus cúrsaí reatha: Áine Ní Dhioráí, Helen Ní hAodha, Máire de Bhailís, Bríd Ní Dhonnchú. Tá an t-ufafás acu ann. *Petticoat lane* a thugadh Seosamh Ó Cuaig air nuair a bhí mé le *Do Bharúil*.

C: An bhfanfaidh tú sa Raidió?

N: Tá mé ann le deich mbliana. Tá mé dílis do Raidió na Gaeltachta.

C: Ach an té a d'fhanfadh an-fhada san áit chéanna sa



## 'Tá mé dílis do Raidió na Gaeltachta'

bpost céanna nach bhfuil an baol ann go n-imeodh an splanc as?

N: Sin é an rud atá againn i Raidió na Gaeltachta. Thosaigh mise ag plé le clárachaí do dhéagóirí, le cúrsai leanúnachais ansin, agus sa seomra nuaíochta. Tá an oiread áiteacha go bhféadfá obair sa seomra nuaíochta. Bhí mé i Rannóg na gClár ansin: ní fhéadfainn a rá nach bhfuil mé ag fáil deiseannaí ann. Is dóigh liom go bhfanfaidh mé.

C: An mbeidh tú fós ann faoi cheann deich mbliana?

N: Tá sé fiordheacair a rá.

C: Céard eile ba mhaith leat a dhéanamh?

N: Tá fonn taistil orm. Ba bhreá liom a dhul go dtí an Afraic Theas. Nó go Meiriceá Thuaidh. Ba mhaith liom rudaí eile a dhéanamh. Tá an-spéis agam sa gcomhairleoiracht, comhairle phearsanta a chur ar dhaoine.

C: Arb in rud a tháinig chun cinn mar gheall ar an gcineál cláir a bhí i Do Bharúil?

N: Chuidigh sé sin liom, ach roimhe sin bhí spéis agam inti. Sin é an saghas duine mé. Is maith liom a bheith ag caint le daoine. Agus is maith liom a bheith ag éisteacht le daoine. Go háirithe daoine a raibh cruanan b'fhéidir ina saol agus atá in ann cúnamh a thabhairt do dhaoine eile. Ach dhaingigh *Do Bharúil* an tsuim sin. Bhí ábhar a bhí dochreidthe á phlé.

C: Bíonn tú ag caint ar t'athair go minic. Níl sé i bhfad ó cailleadh é.

N: An t-ochtú lá déag de Nollaig 1998. Is cuimhneach liom a bheith ag déanamh cláir dhá nó trí mhí sular bhás a bhí agus is ag caint ar an mbás a bhí muid. Ach nuair a tharlaíonn sé duit féin is rud eile a bhíonn ann mar is bás tobann a bhí ann. Bhí mé an-ghar dó. Ó bhí mé an-og thugadh sé leis mé, dhúisíodh sé ar maidin mé, cupán tae sa leaba . . . Bhíodh sé ag tiomáint. Bhíodh sé ag tarraingt gasúr chuig an scoil san Uachtar Ard agus sa Tuairín. Ba chuma leis tada ach a bheith ag caint agus ag gabháil fhoinn. Deireadh sé: 'cas amhrán anois agus giorróidh tú an bóthar dom'.

Nuair a bhí mé i rannóig na gclár bhí a fhios agam go bhféadfainn brath air. Ghlaicinn air tar éis an chláir agus deireadh sé: 'A Norita, ní raibh móran cuma air sin agat inniu!' Bhí ábhar ann nár thaitnígh leis. Bhí sé seanórach ar bhealach, ach bhí sé nua-aimsearthach ar bhealach eile. Cineál critique a bhí ann. Bhraith mé air agus ní raibh a fhios agam é sin nó gur imigh sé. Cumá, thar 's aon duine eile beo, bhí sé ann, agus d'airigh mé uaim é sin uafásach. Bhí mé millte ceart aige. Airím uaim é. Ach tá sé ann. Tá sé timpeall orm.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na daoine, daoine nach bhfaca mé riabhach, sin í an fhírinne, a chuir cártáí aifriann chugam agus a scríobh litreachaí chugam. Tá mé an-bhuíoch. Agus scaití, tógaim na litreachaí sin arís agus léim arís na rudaí a scríobh na daoine sin. Ní raibh mé ag súil leis sin. Thug sé sin an-mhisneach dom.

Má bhí sé ina ardtrathnóna agus muid ag tógáil na bpictiúr, bhí cuid den oíche caite sular éist muid leis an gcaint. "Slán, a leanbh", arsa Norita liom agus mé ag imeacht, "is tabhair aire duit féin. . . ." 

# Dúiche Sheoigh


CÚIL AODHA, an Achréidh, Ceathrú Thaidhg, Tóraig agus Uíbh Ráthach: tá cuid de na Gaeltachtaí is lú agus is iargúlta in Éirinn siúlta ag Cuisle i mbliana. Ach tá sioc agus drochaimsir á thuar, agus tá *service* ag teastáil ó sheanchamper na hirisce tar éis chuairt na tíre. Ag druidim le deireadh na cuairte atá muid, ach ní gan sciurd go Dúiche Sheoigheach.

**G**aeltacht faoin tir atá i nDúiche Sheoigheach, ceantar maorga sléibhte agus lochanna. Síneann Dúiche Sheoigheach le Tuar Mhic Éadaigh, paróiste ar bhruach Locha Measc, agus is í Gaeilge dheisceart Mhuigh Eo a labhartar sa dá áit.

Is iomaí bóthar isteach sa gceantár. Bóthar Chaisleán an Bharraigh, bóthar Bhaile an Róba, bóthar an Mháim trí Thír na Cille aneas. Thart ar Phionnaithe agus Loch na Fuaiche níl sa mbóthar ach snáth agus é ag sleamhnú de dhroim an tsléibhe. Feicfidh tú lorg na staire ar chraiceann na talún mar a bheadh lorg na mbliain ar éadan seanduine; ina hiomairí a rimneadh aimsir an drochshaoil; cláí cloch a caitheadh

dua cráite leis.

D'fhéadfá seasamh sa dúiche agus deoch a ól sna Larches, nó leanacht ort go Corr na Móna. Tá Corr na Móna i gceárlár na dúiche ar bhruach Loch Coiribe,



# each

cáil an iascaigh ar an áit agus báid ar cíos ann. Ag dul soir duít trí Chorr na Móna, cas faoin sliabh i dtreo an Chomharchumainn agus is gearr go bhfeice tú An Chloch Bhreac agus cois deiridh Loch Measc ag síneadh i do threo. Is ansin a sheas **John Hughes**, i mBaile Mheiriceá: bhí dinnéar aige le muintir Uí Fhloinn agus Uí Chionnaith, agus ní raibh an comhluadar ina dtost. . . .

aile  
IRICEÁ

TÁ MÍCHEÁL Ó FLOINN ag obair ina theicneoir le TG4. Tá teach á thógáil aige i mBaile Mheiriceá ar an gCloch Bhreac.

**JH: An bhfuil móran oibre ar fáil anseo?**

Micheál: Obair monarchan agus obair sa samhradh sin a bhfuil ann. Faoi láthair ta dalladh obair thógála anseo agus taobh amuigh den cheantar. Feilmeachaí beaga atá thart anseo. Duine ar bith a bhfuil cnoc acu nó ruainne maith talairn tádar in ann slí bheatha a bhaint amach. Daoine eile ní mó dóibh obair eile a bheith acu.

**JH: An bhfuil an t-aos óg dílis don áit?**

M: Is dóigh nach bhfuil. Daoine óga as seo go bhfuil smaointí acu tádar ag cur a gcuide *energy* isteach in áiteacháil eile. Teastaíonn ó chuile dhuine a bheith istigh sa gcatáiranois - tá níos mó ag tarlú ann. Ceapaim fhéin gurb é is tábhachtáil ná do rud fhéin a dheánamh i d'áit fhéin más féidir ar cor ar bith.

Thart ar 1986 mar gheall ar an *recession*

## 'Níl Raidió na Gaeltachta ag teacht anseo le go mbeidh muid ábalta seanchas na ndaoine a chloisteáil'

thosaigh go leor as seo ag dul go coláistí tríú leibhéal. Sin mar gheall nach raibh aon obair ar fáil. Is mise an chéad duine sa gclann a chuaigh chuig coláiste. An chuid acu atá ag iarráidh teacht ar als níl an obair anseo dófa. Fiú iadsan a ndeacaigh go Baile Átha an Rí ar chúrsa talmhaíochta. Teagaisc tá cuid acu ag obair mar *farm managers* i Muineacháin agus suas faoin tir. Ní thiocfaidh siad ar ais.

**JH: Inis dom faoin iascaireacht. An loch maith iascaireachta é Loch Measca?**

M: Ba ea sna 60dí. An iomarca caoírigh ar na cnoic is cúis a laghad bric a bheith sa loch. Tá an chréafog ag imeacht ó na cnoic mar gheall go bhfuil an féar glas ite ag na caoírigh. Níl an bháisteach á súthadh ag an talamh. Nuair a thaganas báisteach throm bíonn tuile a cartáonn aníos leabáil na habhann. Bhíodh áiteacháil ag na bric fadó ina mbfodh beagánín graibhéil le haghaidh na n-uibheacha.

**JH: Cén uair a thosaigh an teanga ag imeacht as an áit seo?**

M: Ó 1968 ar aghaidh thosaigh daoine ag labhairt Béarla leis na gasúir. Duine ar bith thar scór go leith blianta tá sí acu. Freisin tháinig



## 'An iomarca caoírigh ar na cnoic is cúis a laghad bric a bheith sa loch'

daoine gan Gaeilge. Níor cuireadar iallach ar na gasúir Gaeilge a labhairt sa scoil ach an oiread.

Mar gheall go bhfuil an teanga ag laghdú i gConamara anois tá Éamonn Ó Cuiv ag caint ar mhúinteoirí a fhostú chun Gaeilge a mhúineadh do na gasúir sula dtéann siad isteach i scoileanna Gaeltachta. Ba chóir é sin a bheith déantáil anseo agus i ngo leor ceantracháil eile scór go leith bhliain ó shin. Gaeilge Mhuigheo atá anseo mar atá i Tuar Mhic Éadaigh. Níl Gaeilge na háite ag go leor de na gasúir. Ba chóir sin a bheith á múineadh sa scoil.

Tá suim ag muintir na háite sa teanga, fiú an ghlún óg, ba mhaith leo í a choinneáil ach ina dhiaidh sin fhéin níleadar á labhairt. Go leor acu a tógadh le Béarla, anois airíonn siad uafa nach bhfuil an Ghaeilge acu. Athrú intinne a theastaíonn.

**JH: Cén t-údar atá leis an ainm Baile Mheiriceá?**

M: Deirtear, na daoine a bhí ag dul go Meiriceá, thagfaidís le cheile thíos ag an gcrosbhóthar anseo. Cineál tórramh, bhíodh ceol agus damhsa ann sula n-imídfis go Meiriceá.

**JH: Bhailfodh na daoine le chéile don tórramh fadó. Cén saol sóisialta atá anois ann?**

M: Tá an chuitafocht beagnach imithe. An teilifís tá thíos asat! Tá seanchas anseo ach tá sí ag imeacht. Níl Raidió na Gaeltachta ag teacht anseo le go mbeidh muid ábalta seanchas na ndaoine sin a chloisteáil.



Tá ÁINE BHREATHNACH ag múineadh sa nGairmscoil i gCorr na Móna. Ó bhí sí 19 tá sí ag plé le coistí pobail. Níor theastaigh uaithi riamh cónaí in áit ar bith eile.

JH: Cén ról atá ag coislí pobail sa lá atá inniu ann?

Á: Obair fforthábhachtach atá ar siúl acu. Níl aon bhealach eile chun na rudaf sin a dhéanamh. Obair gan bhfuochas is ea í. Go minic ní hé an t-airgead a bhaillí an rud is measa ach daoine le cumas iontu atá sásta a dhul agus an rud a threorú agus a chur i gcrích.

## DAONRA NA DÚICHE

AN FHAD is a d'fhás an daonra in abhantrach na Gaillimhe as cuimse le fiche bliain anuas, thit an daonra i dTuar Mhic Éadaigh beagnach 15% idir 1981 agus 1996. Le linn na tréimhse céanna tháinig méadú beag de 2% ar an daonra i nDúiche Sheoigheach.

De réir anailís socheacnamaiochta a d'fhoilsigh Cumas Teo, bhí 16.6% den fhórsa oibre i nDúiche Sheoigheach difhostaithe i 1991. An bhliain chéanna bhí 11.7% den fhórsa oibre i dTuar Mhic Éadaigh gan phost. Cuir sin i gcomparáid leis an meán náisiúnta 16.9% i 1991.

De réir daonsáirimh 1991 bhí 613 teaghlaigh ina gcónai i geantair Thuar Mhic Éadaigh; 588 a líon i nDúiche Sheoigheach. Tá líon na seandaoine níos airde i nDúiche Sheoigheach ná an meán: 17.5% i nDúiche Sheoigheach i gcomparáid le meán an chontae a sheas ag 14.3% in 1991.

I nDúiche Sheoigheach bionn líon na ndaoine óga a théann ar aghaidh go dtí coláiste nó ollscoil isteach is amach leis an meán náisiúnta agus meán an chontae. Bionn líon na ndaoine a fhágann an scoil ag 15 bliain d'aois beagán os cionn an mheáin náisiúnta - 39% i geomórtas le 36% - ach má bhíonn, tá an figiúr sin beagánin fací bhun mheáin an chontae.

Slat tomhais amháin ar chaighdeán maireachtala na ndaoine is ea líon na dtithe a mbíonn teas lárnach iontu. I 1991 ní raibh teas lárnach ar fail i 60% de na tithe i nDúiche Sheoigheach.

Is féidir freastal ar chruinnithe ach caithfidh duine eicint cúram na hoibre a thógaínt orthu féin. Fiche cùig bliain ó shin ní raibh hallaí

os cionn 200 ag obair sa muileann adhmaid. Tá go leor daoine ón Gháiltacht ag teacht isteach sa gceantar ag obair anseo. Ní fhágann siad pingin

## 'Bheadh bearna mhór ann murach na coistí pobail'

pobail, páirceannaí peile ná áiseannaí do sheandaoine anseo. Bheadh bearna mhór ann murach na coistí.

JH: An bhfuil spéis ag an aos óg in obair dheonach?

Á: Cé go mbíonn daoine óga criticiúil faoi rudaf níl siad ag larraigh aon bhaint a bheith acu le coistí pobail. Beidh fadhb mhillteanach amach anseo nuair nach bhfuil daoine óga sásta a gcuideama a thabhairt suas.

JH: Bánú na tuaithe - an bhfuil aon réiteach air?

Á: Tá clainn i bhfad níos lú anois agus tá uimhreacha na ndaltaí ag laghdú sa scoil dá bharr. Cuirfeadh sé díomá ort tar éis an méid obair dheonach atá déanta sa gceantar. Níl fhios agam céin deireadh a bheas leis.

JH: Cineál nature reserve a bheidh anseo b'fhéidir?

Á: B'fhéidir. An imní atá ormsa amach anseo go mbeidh an ceantar seo báraithe, go mbeidh tithe breátha folamh agus go mbeidh daoine ag teacht isteach sa samhradh le fanacht iontu.

Ba chóir fócas tuaithe a bheith ag an córas oideachais. Fostaíocht a d'fheilfeadh lucht triú leibhéal is mó atá in easnamh i gceantracháil mar iad seo faoi láthair. Tá neart monarchana agus tá

rua sa gceantar. An rud a chuireann ionadh orm; níl an daonra ag méadú cé go bhfuil neart fostaíochta san áit.

JH: An bhfuil fadhb titheochta anseo?

Á: Tá luach mór ar shuismhannáí agus bionn deacrachtaí cead pleánaí ann. Ó tharla gur ceantar turasóireachta atá ann déanann daoine níos mó airdid as teach a ligint sa samhradh ná as daoine a ligint isteach ann ar feadh na bliana. Is



deacair teach a fháil ar cíos go fadéarmach anseo. Ina dhiaidh sin féin, daoine sna fichidí; tá na tithe níos galánta acu ná mar a bhí riagh agus chuile theach níos mó ná a chéile. Ní bheadh fhios agat céin chaoi a bhfuair siad morgáistí le nád a thóigáil.

**JH: Ceantar álainn é seo. Cad facaí chúrsaí turasóireachta?**

Á: Ó 1991 tá craobh den Irish Country Holidays (ICH) 'Turasóireacht Dhúiche Sheolgeach' bunaithe anseo. Tá mise i mo rúnaf air sin, ag tógáil bookings. B'fhacthas dúnne go raibh turasóirí ag dul thar an áit. Tá agents ag I.C.H. thar leár a mheallanns cuairteoirí anseo. Bhí grúpa as an bhFionnlainn aseo cúpla bliain ó shin agus bhaineadar an-sásamh as. Bhaineadar lontas as a bheith ag éisteacht le daoine ag caint

## 'Níl an daonra ag méadú cé go bhfuil neart fostáiochta san áit.'

Gaeilge.

**JH: Le fada an lá tá cáil ar an cheantar seo ó thaobh na drámafochta de. Inis dom faoin drámafocht anseo.**

Á: Tá an t-ádh orainn go bhfuil státse breá againn san áras pobail. Bhí dhá fhéile ag an gCompántas Náisiúnta Dámaiochta anseo. Chuaigh muid timpeall na tíre. Tháinig drámaí anseo freisin. Nuair a tháinig mé abhaile ón scoil chónaithe sa gClochán bhí meirg ar mo cuid

Gaeilge. Chuaigh mé isteach leis an gcumann drámafochta. Chabhraigh an drámafocht go mórmhór leis an Ghaeilge a choinneáil beo anseo. Tá an cumann gníomhach i gcónaí.

Tá sé deacair ag fir agus mná castáil ar a chéile faoin tuath anois. Níl tú sa *scene* mura bhfuil tú ag ól. Bhiodh níos mó teangabhála idir daoine sna tithe. Bhí go leor le rá faoin seanhalla damhsa nuair a bhí na fir ar thaobh amháin agus na caillíní ar an taobh eile. Ach bhí buntáistí móra ag baint leis. Má bhí súil ag duine eicint ort bhíodar in ann teacht trasnaí an urláfr agus thú a iarraidh amach le damsá. Ar a laghad tá an cumann peile anseo agus is ag dul i láidre ata sé. Is fontach ann a leithéid chun daoine a choinneáil i dteangabháil lena chéili. Ar ndóigh ní fios cé mhéid cleamhais a d'éirigh as an cumann drámafochta anseo!

## 'Níl an oiread sin oibre le haghaidh mná óga a choinneáil anseo mura bhfuileadar póstaí.'



**Tá céim Eolaíochta ó Ollseoil na Gaillimhe ag MAIRE NÍ CHIONNAITH, Baile Mheirceá, An Chloch Bhreac. Cháiligh sí ina hoide bunscoile ina dhiaidh sin. Tá sí ag múineadh i nGaelsecoil na Cruaiche i gCathair na Mart.**

**JH: Cad facaín saol sóisialta anseo?**

M: Tagaim abhaile beagnach gach deireadh seachtaire. Níor mhaith liom chuile lá a chaithearnh thart anseo go háirithe sa ngeimhreadh. Ach ina dhiaidh sin fhéin oíche ar bith a gabhfas tú soir ar an Fhairschí buailfidh tú le duine eicint.

Tagann siad ón Mám agus ó Áth Chinn chuig na *Irish Nights* i Tigh Bhúrcaigh. Bíonn sé pacáiltí. Tá na seandaoine agus an dream óg uilig fite fuaite ann le chéile. Ach má tá tú ag iarraidh bualadh le daoine difriúla caithfidh tú an bóthar a bhualadh. Télim go Gaillimh freisin mar tá go leor cárde agam ann. Níl sé ach trí ceathrúnaí uaire as seo.

**JH: An dtiocfaidh móran acu ar ais anseo?**

M: Sílimse go dtiocfaidh. Is é nádúr an duine é. Mo chairde, ba mhaith le go leor acu tarraigint ar an fhód céannaí arís ach níl aon obair ann dófa. Is aoibhinn an áit í seo le clann a thóigáil agus socrú síos. Tá sé an-suaimhneach. Chuile shórt atá uait ta sé anseo.

Muna bhfágfainn an áit ní heicfinn cé chomh hiontach is atá an áit seo.

**JH: Cad facaí cursaí oibre do na mná?**

M: Le haghaidh na *lads* tá comhar-chumann agus muileann adhmaid. Mo dheartáir fhéin bíonn sé ag obair ag tógáil tithe - chuile shórt *job* aige, *steel fixing* agus mar sin de. Bíonn sé lá thiar ar an Mám agus lá eile in Áth Chinn. Bíonn sé coinnithe ag imeacht i gcónaí. Ach níl an oiread sin le haghaidh mná óga a choinneáil anseo mura bhfuileadar póstaí.

Mo chairde uilig tá siad imithe, go leor acu i nGaillimh agus ar fud na tíre.

During Christmas, in search of a glimmer of light, *Cuile* unearthed the diary of a summer expedition to northern Scandinavia where the sun doesn't set and memories of winter dark pale into huge bright skies.



1432

**S**EO É TURAS NA hIoruidhe agus na Sualainne. Stockholm is túis dó. Síos leis an mbád aeir, agus feicim fum na coillte dlútha, na caolais agus na camais farraige, an baile glas, agus méaracha na farraige ag síneadh faoin tir. Anseo atá túis an turais ó thuaidh, turas ocht n-uaire déag sa traein go Kiruna.

Cuma más ar muir nó ar tir duit i gcríocha Lochlann, cuirfidh an fairsinge iontas ort. Coillte agus locha ag síneadh amach go síoraí ar dhá thaobh na ráillí. Léim mo leabhairín eolais de réir mar atá na mílte ag sleamhnú thart. . . .



## Soilse Samh

pictiúir: DJ

Daonra ocht milliún atá sa tSualainn, iad cruinnithe i mbalfe an deiscirt, agus le cósta na Mara Bailí i Stockholm agus Uppsala. Ó thuaidh is uaigneas agus fiántas é nach bhfuil a mhacasambail san Eoraip.

Ó Dheireadh Fómhair go Bealtaine, bíonn dorchadas sa gcuid seo den domhan. Ach sa samhradh, bíonn an oíche ina lá. Mí Iúil, taobh ó thuaidh den chiorcal artach, ligean an ghrian í féin anuas ar na sléibhte agus éiríonn arís gan dul faci.

Is thír ríbhocht a bhí sa tSualainn go dtí lár na haoise seo, agus san aois seo caite bhí muintir an deiscirt chomh bocht dealbh le muintir na hÉireann. Thug na céadta mílte bóthar na himirce orthu féin, agus is go Meiriceá a chuaigh a bhformhór mór.

D'fheabhsaigh an saol sa tSualainn tar éis an dara cogadh domhanda, agus bhí na Sóisialaigh-Daonlathaithe i réim ó 1932. Tháinig ceadmhachas agus liobarálachas aigne chun cinn sa tSualainn nuair a bhí stát go leor eile san Eoraip fós faoi chuing na heaglaise. Ceadaíodh an ginmhilleadh sa tSualainn nuair ba their smaoineamh air fiú in Éirinn.

Tá an saol an-chostasach sa

tSualainn, agus focann na daoine go leor cánach. Ach focann an stát as seirbhísí naónraí agus as oideachas na bpáistí, ionas go bhfaigheann daoine luach a gcuid cánach ar ais go fial. . . .

Chuir mé an turas thart le léamh agus codladh gach ré seal agus faoi dheireadh b'shiúd Kiruna uaim. Baile mianadóireachta is ea Kiruna. Is ann

# raidh

na scórtha vaigíní leo a iompraíonn an chruach go Narvik, agus cuítear sna longa ansiúd í.

Ar an mbealach go Narvik as Kiruna, téann an traein trí Abisko. Tagann sléibhteoirí agus lucht siúil anseo go lónmháir. Tá dídean le fáil ann ar bhruacha Loch Tornetrask, sléibhte Tjuonatjakra agus Tjamuhas faoi mhullach seaca.

Sléibhte agus locha iarthar na hÉireann a mhéadú trí huaire, sin agat Gaeltacht na hAlban. Sléibhte agus locha na hAlban a mhéadú faoi sheacht, sin agat Abisko. Bíonn tormán uisce le clos sna srutháin mheara de réir mar a leánn an sneachta faoi ghrian an tsamhraidh.

Ar aghaidh liom go Narvik ar bhealach na cruaiche. Is beag i Narvik – ‘an cuan thuaidh’ – seachas *fastfood* agus bancanna, ach tá bád ann a thabharfas go dtí oileáin Lofoten thú.

Clocha páidríne ar snámh sa bhfarraige, sin samhail a bhéarfadh duine d’oileáin Lofoten, cuid de na clocha níos mó ná a chéile: na hoileáin mhóra ó thuaidh i ngar do Narvik, iad a dul i laghad ó dheas chomh fada leis an Maelstrom, guairneán farraige ar scriobh Edgar Poe faoi.

Ailltreacha rite ag éirí ina staiceanna aníos trí an bhfarraige atá in oileáin Lofoten, agus ceo draíochta in uachtar orthu. Is iascairí iad na daoine, agus baineann siad síl bheatha as an turasóireacht chomh maith.

Bíonn séasúr na scadán ann sa bhfómhar, agus le linn an tséasúir,

cónaíonn na hiascraigí sna botháin adhmaid a bhfuil leathchois sa bhfarraige acu. *Rorbu* a tugtar orthu. Cuid den am, ligtear leis na turasóirí ar cíos iad. Is féidir báid a fháil ar cíos sna cuanta foscuála freisin agus dul ag iomramh. Ar uair an mheánoíche i rith mhí Iúil, feicfidh tú an ghrian a tumadh a cuid cosa sa bhfarraige, agus éirí sa spéir arís faoi mar a bheadh fuitíos a báite uirthi.

Turas fada traenach ó Bod go Mo, go Trondheim go hOsló an chéad chuid eile de mo thuras. Ó dheas de Trondheim atáim, agus an oíche ag titim orm don chéad uair le os cionn seachtaine. Chinn orm codladh sa traein agus gan áit agam a sífinn mo chnámh.

Ar an mbealach aduaidh, faoi dhó, lean an traein faobhar aille. Thíos fúm, fjord maorga a bhain an anáil asam. Thíos fúm na céadta troigh os cionn na farraige, iolar bán ag guairdeall ar an aer. Thit mo chodladh orm seal agus mé ag brionglóidí ar na fjords agus ar ghrian an mheánoíche . . . sceirdiúlacht an tuaiscirt . . . an sneachta ag leá faoi bhothall gréine in Abisko.

In Osló a dhúisigh mé. Ceann scriibe agus aerfort arís. Ní féidir an Ioruaidh ná an tSualainn a shiúl in aon iarradh amháin. Teastóidh an turas ar ais. Rachad go Bergin i ndeisceart na hIoruaidhe, b’fhéidir. D’fhéadfadh duine bád a fháil ó Obair Dheathain na hAlban go Shetland, agus ar aghaidh ó thuaidh . . .

**bád aeir:** plane

**na caolais:** narrow inlets

**na camais:** bays

**muir:** sea

**daonra:** population

**fiántas:** wildness

**dealbh:** destitute

**Sóisialaigh-Daonlathaigh:** Social Democrats.

**ceadmhachas:** permissiveness.

**liobarálachas:** liberal(ness).

**ginmhilleadh:** abortion

**teir:** taboo

**naíonraí:** crèches

**mianacha cruaiche:** steel-mines

**armlón:** ammunition

**caladh:** landing place, quay

**clocha páidríne:** rosary beads

**guairneán farraige:** whirlpools

**ailltreacha rite ag éirí ina**

**staiceanna:** steep cliffs rising like pillars

**faobhar aille:** edge of cliff


**ag guairdeall:** hovering

**sceirdiúlacht:** lonely expanse

**in aon iarradh amháin:** in one go

atá na mianacha cruaiche is mó san Eoraip. Le linn an dara cogadh domhanda, baineadh ábhar gunnáí, urchar agus armlóin as na mianacha sin. Bhí brabach ag an tSualainn ar an gcogadh, agus í ina tir neodrach.

Trí chaladh Narvik na hIoruaidhe, tamall siar ó thuaidh ó Kiruna, a easportáltar an chruach. Traenacha ’s



Dillusc

## DY2K

Sraith NUA seachtainiúil faoi dheardadh tí atá anseo agus is í Máire Moriarty an láitheoir. Piocatar daoine ealaíonta leis an dearadh a dhéanamh. Ina measc tá fiodóirí, dealbhadoirí, dearthóirí puipéad, dearthóirí seite agus lucht déanta troscáin. Tugtar £500 don duine le seomra a mhaisiú ar an gcaoi is mian leis féin.

Don chéad chlár is í an fiodór cáiliúil Lisbeth Mulcahy an dearthóir a bheidh ag maisiú an tseomra. Dúshlán Lisbeth – níl aici ach dhá lá agus £500 le seomra suite fear óg singil – Thomas Hutchinson. Freisin tabharfaidh muid cuairt ar theach Brian Úi Dhomhnaill, an cócaire cáiliúil. (7 Eanáir 8.30in)

Ar an 14 Eanáir is í an dearthóir puipéad, Caitlin Ni Chualáin, dearthóir speisialta na seachtaíne seo. Dúshlán Chaitlín – seomra bia Eithne Mhic Aoidh a

mhaisiú taobh istigh de dhá lá le £500 agus tabharfaidh muid cuairt ar theach Jim Barrett, ailtire na cathrach.

An tseachtáin dár gcionn beidh an dúshlán céanna ar an ealaíontóir Gearóidín Ní Neill. Beidh sí ag déanamh oifige do Joe Ó Domhnaill.

### An Bóithrín Glas

Dé Sathairn 8 Eanáir; 7.35in

SCÉAL FAOI Diaspora na hÉireann é an Bóithrín Glas, scéal ár gcine ón seachtú haois déag anall, Gaeil as an Oirdheisceart go Talamh an Éisc. Féachann an clár seo ar chultúr agus saol shliocht na nGael a chur chun farraige.

Tá géarchéim i dtionscal na hiascaireachta agus athruithe móra ag teacht ar na pobáil Éireannacha ansin faoi láthair. Tá Eorpaigh ag iasachta sna farraigí timpeall ar Thalamh an Éisc le mile bliain, agus na Gaeil go láidir ina measc. Is athrú seachas meath atá ar a slí bheatha is a gcultúr agus

aghaidh a thabhairt ar an míaois nua.

### Oscailt:

### Dillusc

Dé Domhnaigh 9 Eanáir;

9.30in

Dé Máirt 11 Eanáir; 11.15in

Gearrscannán ar an ngrá – i measc na siorc. Is aor géar é Dillusc ar shaint an bhaile bhig, creideamh sna majorúiltí agus an grá a shárafonn gach ní ar deireadh. Tá an scéal suite ar bhád

oilithreachta áit éigin amach ó chósta na hÉireann. Tá Dillusc suite ar bord bád oilithreachta ar chósta thiar na hÉireann, tráthnóna samhraidh agus an grian ag cuimhneamh ar dhul faoi. Tá Hanora ramhar, ciapaithe agus í ar leathchois. Is í Delia a máthair agus bíonn sí á

ciapadh. Fear breá a bheadh i Náid murach tinóisc a d'fhág gan láimh é. Is iad an Captean agus PP na siorcanna sa dráma seo, beirt atá gann go leor ar gach acmhainn nádúrtha. Le teann éadóchais, tá na hoilithrigh ag súil le leigheas ón deilf draiochta, Dillusc.

*Léirithe ag Jason Doyle-Kibosh*

### Oscailt:

### Deich gCoiscéim


Dé Domhnaigh 16 Eanáir

9.20in

Dé Máirt 18 Eanáir; 11.35 in

GEARRSCANNÁN faoin dúnmarú, díoltas agus tóraíocht na córa. Is cúnasóir diograiseach é Roscó a mharaigh fear céile a deirffíre chun í a scaoileadh saor óna smacht intinne. Is bleachtaire cliste





JM Synge



*Deich gCoiscéim*

é Porfiry a bhfuil a fhios aige nach mbíonn an t-am riabhach ar thaobh ar choirpigh.  
*Léirithe ag Edwina Forkin-Zanaibar*

## Misinéirí

Dé Domhnaigh 9 Eanáir; 11.25in

SA CHLÁR seo insíonn triúr misinéirí as Éirinn a gcuideann scéalta faoi dheireadh ré na misean ón tír seo go dtí an Afraic. Máirtín Ó Conaire, sagart Cairmilliteach as Indreabhán, Colmán Ó Clabaigh, bráthair Beinidicteach as Gort Inse Guaire, agus Nóna McNamara, bean rialta de chuid an Holy Rosary as Ciarraí an triúr a thugann léargas dúinn ar an eaglais san Afraic agus í ar tháiriseach na triú mílaoise.

## Teaghlaigh

Dé Máirt 9.00in

SRAITH 12 clár leathuair an chloig atá anseo. Is daoine Éireannacha móra le rá i súile an phobail i dteannta ball dá gclann a bheidh ar an gclár. Is i Norita Ní Chartúir a bheidh ag cur na gceisteanna. Beidh an clár ag féachaint ar 'shaol eile' an aoi phoiblí ag tabhairt súil ghéar ar ghnéithe eile seachas na gnéithe a bhaineann leo go poiblí, is é sin, an saol sa mbaile, caitheamh aimsire, scéalta grinn agus eile. Cén chaoi a bhfuil ag eirí leo mar thuismitheoirí, fear nó bean chéile agus a gcuideann gníomhachtaí poiblí. Cuirfear muid in aithne do dhuine muinteartha leis an aoi. Is le cabhair an duine sin a chuirfidh muid aithne níos fearr ar an aoi poiblí go

pearasanta agus ar an saol a bhíonn aige lena chomhluadar.

## Teach na Coiribe

Dé Máirt 11 Eanáir; 11.35in

SEÓ LÁN le ceol a taifeadadh beo i rith an Samhraidh '98 sa teach ósta cáiliúil Teach na Céibhe i nGaillimh. Is í Deirbhile Ní Churraighín a chuir an clár i láthair. Roinnt de cheoltóirí móra na tíre, ina measc Altan, Furry Village, Maura O'Connell, Mary Black Capercaillie, Eddi Reader, Máire Brennan agus Kíla i mbarr a réime.

## Ros na Rún

'Chuile Mháirt agus Deardaoine ag 8.30in


TÁ TUILLEADH rún le scaoileadh i Ros na Rún sa bliain nua. Tá Ali ag déanamh scéil mar gheall ar an bhfadhb atá sa café le nimhniú bia. Tagann Bord

Sláinte an larthair ag fiosrú an chás. Tugann Angela gúna baiste Saoirse do Bheirne ach tá fáitíos ar Bheirne go mbeidh an mí-ádh air. Tá Louise agus Liam ag cur isteach ar an bpost mar bainisteoir ar an gym.

Tá cloigeann tinn ar Shile agus caithfidh sí aire a thabhairt do Dylan. Nuair a imíonn Tom fágann sé an doras leathoscailte agus téann Dylan amach ar an tsráid. Nuair a bhíonn Dylan ar iaraidh tagann PJ ar cuairt.

Téann Ciara ar ais ag obair sa Helpline, rud a chuireann áthas ar Jason. Tá an-bhrú ar Bheirne, níl sí in ann cur suas le hEvan i bhfad eile agus cuireann sí glaoch ar an Helpline! Tagann PJ ar ais go Ros na Rún agus cuireann sé in iúl do Tom go bhfuil sé chun Dylan a thabhairt ar ais go Maigheo leis agus faigheann Tom drochscéal as Barcelona!

*Léirithe ag EO Teilifís*



**Sáile, Gaoth and Dobhar:**  
driving through North Mayo or Donegal, you might encounter these place-name elements.

GAOTH DOBHAIR, which was mentioned last month as the northern boundary of Na Rosa, is the name of one of the largest Gaeltacht areas in the country. It is only in the past two hundred years however that the name came to be applied to this district. Previously, the name was used exclusively to refer to the inlet separating the modern parish of Gaoth Dobhair from Na Rosa to the south. The inlet is still known by this name but more often it is now simply called An Gaoth.

The first part of the name Gaoth Dobhair has nothing to do with the word for 'wind', but means 'an inlet of the sea', usually with a river flowing into it. The second part, Dobhar, was originally the name of the river now known as Abhainn Chroithlí which rises in Loch an Iúir. It is now the name of the townland where the river joins An Gaoth. This river is called Gweedore River in English on Ordnance Survey maps, which can cause confusion to travellers.

The word *dobhar* is an old word for 'water'. It is the exact same origin as dwfr/dŵr, the word for 'water' in Welsh. It is also the basis of a number of placenames of Celtic origin in England and the on the

Continent, Dover, for example. In Irish, *dobhar* survives only in words like *dobharchú* 'an otter', which literally means 'a waterhound'; *madadh/madra uisce*, a commoner word for the otter means exactly the same.



The diminutive of the word is found in the name Bun Dobhráin/Bundoran. This name means 'the foot of Dobhrán'. Dobhrán may have been the original name of the river that flows into the sea at Bun Dobhráin, which is now known as An Bhradóig.

Gaoth Beara, the southern boundary of Na Rosa, also contains an old word for 'water' in its name, in this case *bior*, the genitive of which is *beara*.

*Bior* was undoubtedly the original name of the river *Abhainn Bheara*, Gweebarra River in English, and it also gave its name to the lake from which it flows, *Loch Beara*.

The word *gaoth* survives in Irish only in counties Dún na nGall/Donegal and Maigh Eo/Mayo and it's from the latter that our third example comes. The village of Gaoth Sáile is situated on the west

coast of Iorras/Erris, at the head of the inlet of the same name. The second part of the name, *sáile*, usually means sea-water. However, *sáile*, is also found in placenames in the sense of 'salt-water inlet'. Its diminutive, *sáilín*, is used in some places to denote a rock-pool, or a pool of sea-water left on the beach at ebb-tide. There is a townland in Acaill/Achill called simply Sáile, which probably means 'a sea-inlet'. The district near An Spidéal known as Sáile Chuanna may be explained as 'the inlet of Cuanna'. Cuanna was the saint whose name survives in Both Chuanna, the name of a neighbouring townland. The word *sáile* is also found in the longest townland name in the country, namely, Muiceanach Idir Dhá Sháile, near Camas, which means 'the pig marsh between the two salt-water inlets'!

One of the most spectacular inlets in the country, An Caoláire Rua/Killary Harbour, between Maigh Eo and Conamara, also contains the word *sáile*; the first part, *Caoláire*, comes from the original form *Caolsháile* which is composed of *caol* 'narrow' and *sáile* 'sea-inlet', and the adjective *rua* 'reddish-brown' refers to the colour of the water. The meaning 'red, narrow sea-inlet' describes An Caoláire Rua exactly.

*Next month:*  
*An tInbhear Mór, Loch Garman*



Seosamh Mac Muirí continues his investigation of Irish surnames and tells us about surnames derived from the clergy, from craft and about Mac an Chabáiste

## Mac@nas.SMM

# AN SAOL INA BHRACHÁN

THARLÓDH GO leagfá síul ar mhála bracháin ar maidin agus tú ag alpadh leat. Ní dócha go gcuimhneofá ar ghaol sanasaíochta mhuintir an mhála, Muintir Flahavan, le Vladivostock na Rúise ar chósta thoir na Sibéire. Tá sé ann ina dhiadh sin. Baineann an chathair Rúiseach chéanna leis na sloinne Ó Flaithbhearta(igh) > Flaherty, Ó Flaithimhín > Flavin, Ó Flaithfhile(adh) > Flatley, Ó Flaithimh > Ó Laithimh > Lahiff/Guthrie agus Ó Flaithín > Ó Laithín > Laheen. B'fhéidir Ó Flaithre > Flattery a áireamh leis an liosta sin. Flaithreas stáit, Na Flaithis, flaith nó mac rí na Gaeilge, bainid go léir le focail diaon phréamh a tháinig anuas i dteangacha eile. Thug an phréamh seo an t-ainm pearsanta Vladimir na Slaibhise (= Slavonic) dtíinn, chomh maith le gwlad (= tír) na Breatnaise. Ní fheadar nach é atá sa sloinne Breatnaise, Cadwaladr. (Is ionann Cad- agus cath na Gaeilge). Déarfá go mba flaithiúil an phréamh í.

Cuimhnímis ar an té a chothódh thí leis an mbrachán agus tú ag déanamh turas na tíre seo fadó. Biatach (biattach DIL) a bheirtí ar fhear ollmhargaidh san am sin. B'fhéidir leis, gur Mac an Bhiataigh an sloinne a bheadh ar an té a dhéanfadh freastal ort. Cloisfear níos mó ná leagan amháin, Mc Veety, Mc Beatty agus Beatty ar an teaghlaich céanna in amanna go dtí an lá inniu. Chuaigh roinnt den sloinne Mac Gothraídh leis an obair sin, is cosúil, ó tharla go ritheann an dá leagan leo, Mc Caffrey agus Beatty.

### Aistriú, Traslitríú, nó Athlitriú?

Táthar ag caint le deireanas ar fheachtas athghabháil sloinne, nó *Reclaim Your Irish Surname*. Tá Bord na Gaeilge ag tacú leis an iarracht fóntha seo. Braithim tábhacht thar na bearta leis an obair chéanna. Dlúthchuid den duine is ea an sloinne. Bhí coimheascáil sloinne ar bun in Éirinn leis na céadta bliain, tá sé amhlaidhanois agus is mar sin a bheas go ceann i bhfad inár ndiaidh.

Deireadh Mí Lúnasa na bliana 1990, chuaigh fear ailt de chuid an *Irish Times* ar an daoráí cionn is gur aistrigh, dar leis-sean, Cumann Lúthchleas Gael Cho. Dhoire an sloinne Diamond go dtí Ó Díomáin. Scríobh sé iomlán alt fiachmhar ag caitheamh anuas ar chuile chréatúr a lúb leathchos ag crosbhóthar riamh, nó a pheacaigh ar altóir an Ghaelachais ar aon bhealach. 'Translation' a thug iriseoir úd an *Irish Times* ar an iompú Diamond > Ó Díomáin ag CLG Cho. Dhoire ar an modh céanna ar tugadh *Translations* ar dhráma Brian Friel.

Athlitriú (= Re-literation) a bhí i gceist, ar ndóigh, leis an athrú sloinne Diamond > Ó Díomáin. Mar ainm pearsanta, athraíodh Diarmuid. Foirm cheana (=hypocoristic form) de Diarmuid is é, Díoma. Tá a leithéid mar logainm againn fosta, mar atá, Cill Díoma > Kildimo, Co. Luimnígh. Bhí beirt den ainm cráifeach go leor lena rangú mar naoimh: Dímma mac Cais agus Dímma Dubh, Easpag Choinnire.

#### Cuimhnímis:

Aistriúchán is ea Ó Díomáin > descendant of [my] wee Dermot.

Traslitríú (= transliteration) is ea Ó Díomáin > Dimon.

Comhshamhlú (= assimilation) is ea Dimon > d/Diamond.

Is cosúil gur ainmfhocal coiteann é diamond agus nach sloinne i Sasain é, seachas a ndeachaigh anonn as an tir seo. Níor luagh C. M. Matthews, údar an leabhair English Surnames, ná níor luagh Robert Bell é ach an oiread, ina leabhar siúd Ulster Surnames.

Mar sin, traslitriú is ea diamond > diamant, aistriú is ea diamond > néamhann,

ach Athlitriú (= Re-literation) is Diamond > Ó Díomáin.

Airchinneach ar Chill Ria, Co. Dhoire, ba ea Ó Díomáin.

*An mhí seo chugainn beidh Seosamh ag trácht ar Ó Cinnéide, Mac Donn Sléibhe, agus Breathnach.*

## COMÓRTAS

Comhghairdeachas le Pádraig Ó Duithche, Corr na Móna, Co na Gaillimhe. 40.3% de dhaltaí Ardteiste Thír Chonaill a cheapann deiseanna fostáiochta a bheith ann dóibh sa mbaile. Cóip de *The Sacred Isle* le Daithí Ó hÓgáin do Phádraig.

# Privacy Invaders on the Net

 The Internet provides countless links for people the world over, but while it increases the individual's freedom of communication, the decoders and spies are at work. Who is reading over your shoulder? Anton Mac Cába has the answers.

1 Tugann an t-idirlíon deis do dúinn aithne a chur ar dhaoine i bhfad ó bhaile, agus eolas a chruinníú go héasca. Tá cáil na saoirse ar an idirlíon. Ach an bhuil sin tuillete aige? Féachairí an sampla seo a leanas. Is díoltóir leabhar iad Amazon. D'fhogair siad an leabhar 'The Committee' ar an idirlíon, leabhar a luaitear David Trimble ann. Chuir Trimble cás clúmhillte ar an gcomhlacht. Sampla eile: fógraíodh ainm-neacha roinnt spiaír Breataineacha ar láthair idirlín Meiriceánach. Tugadh foláireamh do pháipéirí na Breataine gan an seoladh idirlín a fhoilsíú. Nach léiríonn an dá shampla seo an easpa saoirse a bhaineann leis an idirlíon?

Ceist eile: an meán príobháideach atá san idirlíon? Má chuireann tú litir sa phost biónn clúdach air. Is féidir é a oscailt, ach níl cead sin a dhéanamh. Ní bhíonn deacracht ar bith an ríomhphost a léamh, ná ní fhágann an léitheoir a rian air.

2 Is plean rúnda atá i bplean ENFOPOL an Aontais Eorpach. Beidh ar sholáthraithe idirlín áiseanna spiaireachta a chur ar fáil agus dianslándáil orthu más mian leo gan a rún a sceitheadh.

Ní hé an tAontas Eorpach a scríobh plean Enfopol, ach ag ILETS. I 1993, thug an FBI ionadaithe ó phéas agus ó sheirbhísí faisnéise Mheiriceá go Quantico in iargúltacht Virginia. Thug siad an 'International Law Enforcement Seminar' (ILETS) orthu fén. Ó shin i leith, tá ILETS ag leagan síos treoracha i leith úsáid an idirlín, agus tá siad á gcur i bhfeidhm. Ní ghéilleann siad do phairlimint ar bith san Eoraip nó i Meiriceá. B'fhéidir nár chuala tú iomrá ar Echelon. Má bhaineann tú úsáid as an idirlíon, seans maith gur chuala sé iomrá ortsá. Is córas uathoibreach é a bhaineann le seirbhísí faisnéise Mheiriceá agus na Breataine, Cheanada, na hAstráile agus na Nua-Séalainne.

Meastar go ndéanann sé scagadh ar suas le 90% den eolas ar fad a bhíonn ar an idirlíon. Tá gléasanna smúrthachta aige. Bailíonn siad seo eolas ó na servers lárnacha. Baíneann na seirbhísí faisnéise úsáid chomh maith as bogearra cuardaigh chun teacht ar láithreacha 'suimiúla'.

1 **cuinniú** – bailiú; **tuille** – earned; **cás clúmhillte** – libel action; **spiaír** – spies; **láthair idirlín** – an internet site; **foláireamh** – warning; **easpa saoirse** – constraints on freedom; **príobháideach** – private; **rian** – mark.

2 **soláthraithe** – providers; **áiseanna** – facilities; **dianslándáil** – heavy security; **rún a sceitheadh** – to divulge

## CNÁMH SPAIRNE

Teachers and learners will find CNÁMH SPAIRNE a likely corner to spark off some lively classroom debate. This month Anton Mac Cába points a finger at internet spies.

3 Tá bagairt eile ann. Is minicanois a gcuid seolta ríomhphoist ag daoine san obair. Is minic go mbaineann siad úsáid as don phost pearsanta festa. Ach ní príobháideach atá: bíonn cead ag an fhostóir é a léamh. Ar ceart don fhostóir úsáid pearsanta ríomhphoist a cheadú? An féidir litreacha isteach a chosc?

I Meiriceá, tá dlíthe i stáit go leor a dhéanann cinsireacht ar an idirlíon. An ríomh-post a scríobhann tú, tig leis dul thart timpeall na cruinne. B'fhéidir go gcuirfeadh ceann de na stáit i do leith go raibh rud gáirsíúil scríofa agat. Is féidir bog-earra rúnscripte a fháil a fhágann nach mbeidh an stáinséir in ann do ríomh-post a léamh. Tá rialtas Mheiriceá ar a dhícheall le heocair na scripte sin a aimsiú.

4 Is bagairt ar an tsaoirse agus ar an bpríobháideachas atá i gcúrsaí gnó. Is é an Béarla teanga an idirlín, príomhtheanga Mheiriceá. Sa thí sin, tá oiread custaiméiri ag AOL (America On Line) agus atá ag seachtar soláthraí eile. Tá cosúlachtaí idir an ghréim atá aige ar an idirlíon agus an ghréim atá ag Microsoft ar an bhog-earra.

Is ar AOL a bhíonn cuid mhór den chaint. Tá cinsireacht déanta cheana aige ar fhóram Éireannach agus ar fhóram ban. An duine go gcuireann AOL cosc air, beidh teora leis an teacht a bheas aige ar dhíospóireacht idirlín.



Chuir David Trimble cás clúmhillte ar Amazon

a secret; **seirbhísí faisnéise** – intelligence services; **iargúltacht** – wilderness; **treoracha** – guidelines; **cur i bhfeidhm** – enforcing; **iomrá a chloisteáil** – to hear of; **uatholbreach** – automatic; **scagadh** – sorting; **gléasanna smúrthachta** – scanning devices.

3 **bagairí** – threats; **seolta ríomhphoist**

– e-mail addresses; **fostóir** – employer; **ceadú** – to permit; **cosc** – prohibit; **cinsireacht** – censorship; **gáirsíúil** – lewd; **bog-earra rúnscripte** – scriptmasking software.

4 **príomhtheanga** – main language; **teora** – limit; **teacht a bheith agat ar rud**; to have something available to you; **dhíospóireacht** – debate.

# AN BÉAL BEO

## Antaine Ó Faracháin

### An tIolrach Mór

File darbh ainm Féilim Mac Dhúill a chum an t-amhrán ‘An t-Iolrach Mór’. Is cosúil go raibh sé as baile lá nuair a tháinig bean ar cuairt ar a bhean chéile. Mharaigh bean Fhéilim coileach mór a bhí acu le haghaidh béis don bheirt acu. Nuair a tháinig Féilim abhaile d’fhiatraigh sé cá ndeachaigh an coileach. D’fhreagair a bhean agus díúrt gur tháinig iolar mór agus gur sciob sé leis é.

Ar ndóigh, bhí scéal an choiligh cloiste ag Féilim agus chum sé an t-amhrán ag sciolladh ar an iolrach.

#### An tIolrach Mór

1

D’éirigh mé go feargach ar maidin Dé Domhnaigh,  
Chuir mé orm mo bhróga is mé ag gabháil go Tír an Fhia,  
Ag gabháil thrí Ghleann an Duine Mhairbh dhom casadh an  
tIolrach Mór dhom,  
Is ba gheall le díúchán móna é go pramaí ina shuiomh.  
Thug mé strailli is strachaille air, amadán is óinseach,  
Cineál Bhriain ’ac Lóbais de phór Chathail Bhui,  
Sin agus mo sheacht mallacht go bhfeara sé go deo air  
A thuis mo choileach óg uaim a ligfeadh dhom a ghlaobh.

Ar ndóigh níl an tIolrach sásta glacadh leis an mashú seo ar fad gan aon fhreagra a thabhairt ar Fhéilim. “Ní mise a rinne é”, a deir sé ach “Fill is téir abhaile is fiafraigh feín de Nóra . . .” céard go díreach a tharla don choileach. Agus leanann an t-amhrán ar aghaidh ina agallamh beirte idir Fhéilim agus an tIolrach.

2

“Gabh do chiall i gceart chugat is ná maslaigh mé ar an nós sin;  
Dar mo mhionna is dar mo mhóide, ní thóiginn ort aon dhlí;  
Níor mhór liom a mbeadh de bhrabach ort i dtéach ná troscadh dóite,  
Mar is duine thú bhí fórtinteach i gconaí d’fhearr slí.  
Fill is téirigh abhaile is fiafraigh feín de Nóra  
Cén tainm a bhí ar an ógmhnaoi a bhí ag scóladh a chinn;  
An clúmhach a bhí ar a leasacha sa teallach aocu dóite,  
D’itheadar i gcomhar é is dheamhan mórán a bhí buioch.”

3

Thug tú th’eitheach, a sclamhaire, ní hiad a chaithfeadh i gcomhar é  
Ná rud ar bith den tsórt sin, gan na comharsana bheith buioch,  
Ach thusa do chroch leat é faoi do sciathán mhóra  
Is ní chaithfeadh ráithe an fhómhair go geuire mé ort dhlí.  
Tá roinn de leabhair an tseanchais i dtaisce agam i gceafra;  
Bhí t’athair ar na rógaírí ba mhó a bhí sa lár,  
Go bhfuighfi cearc na baintri sa níodh aige tráthnóna,  
Sin is gach sórt eile a geomháirí ann mísc.

Cromann Féilim ar an seanchas ansin, agus é ag maíomh gur laoch mór é an tIolrach, mac leis an Dearg Mór. Tosaíonn an cath eatarthu, Fhéilim agus an gaiscích mór os

a chomhair agus an “cláomh aige ba ghéire dá mb’fhéidir leis a fháil” agus gan ag Féilim bocht len é féin a chosaint ach a speal.

4

“An fhad is mhair na Fianna agamsa ba deas an buachaill óg mé,  
Níor bhradaíl a bhínn a fhoghlaim ach i goónaí ag cur draíocht,  
Ag imirt lúth is gaisce, cruacharaocht agus comhraic,  
Gur fágadh mé ar an nós seo, mo chreach agus mo dhíth!  
Tá roinn de na húdair agamsa nachar aithris mé go foíll duit,”  
Nuair a chuala sé na glórtha thíos na deora uaidh síos:  
“Gheobhaidh tú amach sa tseanchas gur mac don Dearg Mór mé,  
Is más troid atá tú a thóraíocht, seas romham is ní bheir buioch.”

5

Ghléas sé a chulaith ghaisce air, a chuid arm agus éadaigh,  
A chláomh aige ba ghéire dá mb’fhéidir leis a fháil,  
Mise agus mo spear agam gan falach ach mo léine  
Gur ionsaíomar a chéile go dianmhoch sa lá.  
Chifeá na tinte cneasa a bhíodh na hairm a bhaint as a chéile,  
Agus leathuair roimh an ngréin a ghabháil faoi b’éigean dó a rá;  
Ba ghearr le dhá tharbh sinn ag foirseadh i ngleann sléibhe,  
Is dheamhan fios againn araon cé hé an fear ab fhéarr.


6

Scriobh sé fuagra teangmhála chugam lá arna mháireach  
Go dtroidfimís gan aimhreas le fáinniu an lae,  
Ach na grástaí go bhfaighe Ó Donnghaile, dá maireadh sé san áit  
seo,  
Bhéarfadh sé dom sásamh nó chaillfí leis é.  
‘Sé an freagra a chuir mé ar ais chuige nár ghlac mé ariamh  
critheagla  
Roimh éinneach dá dtainig thar sáile go tréan.  
D’éirigh mé ar maidin is bhí agam talamh gearrtha  
Is cluinfidh sibh ar ball go raibh an barr agam fein.

7

A chomharsana, an dtaitníonn libh a fheabhas is a chruthaigh  
Féilim  
Nuair a throid sé ar beithíoch éigialta ab éiseachtaí cáil?  
Chuaigh sé ‘un spáinn’ le fathach ba leithne ná Binn Éadair,  
Né an measunn sibh ar aon chor go mb’fhéidir go dtiofaínn slán?  
An darna dorn a tharraing mé, bhuail mé ar chnámh a ghéill é;  
Thit sé is dheamhan bréag nach raibh néal i mo cheann:  
“Scoiranois is ná maraigh mé, is molfaidh mé go héag thú;  
Chosain tú clúi Éireann gan bhuiochas go bráth.”

Chuala mé an t-amhrán seo an chéad uair á chasadach ag cuid dena gasúir i Ráth Cairn. Ba ó Mhairéad Ní Cheallaigh as Leitir Móir a d’fhoghlaim siad é. Tá sé ar fáil freisin in ‘Amhráin Chlainne Gael’ (Micheál aus Tomás Ó Máille) 1.68 (Cló Iar-Chonnachta) agus ar an téip ‘An Meall Mór’ (Cló Iar-Chonnachta, CIC005) le Dara Bán Mac Donnchadha.



## Sci-Fi Gaeilge

DOMHAN FAOI CHEILT  
Iarla Mac Aodha Bhui  
Cló Mhaigh Eo, £4.50.

IS BEAC LEABHAR *sci-fi* againn i nGaeilge, agus is maith ann *Domhan Faoi Cheilt* dá réir. Eachtra shimplí atá ann, túis, lár agus deireadh leis, iad ceangailte le chéile go réidh is go leanúnach, rithim agus gluaiseacht ar gach leathanach. Tá creatlach an scéil seo ar fáil in áiteacha eile, cuid den réimse phoiblí é nach mó. Nár mhaith an mhaise don údar más ea feoil dá chuid féin a chur air seachas an sloinne Gaelach Ó Donncha a thabhairt ar Evan agus Brigitta, na príomhcharachtair?

Tá scéal morálach taobh istigh de chreatlach na heachtra. Briseann an bheirt daltaí na rialacha nuair a théann siad ar eachtra sa spás. A luaithe is atá siad i gcontúirt mar gheall ar an gcine aduain cuireann siad fios ar chabhair ó na húdaráis agus iarrann orthu foireann saineolaithe a chur chucu leis an áit a fhiosrú. Ní túisce sin déanta ach míníonn siad don chine aduain nach gá dóibh imní a bheith oraibh, nach bhfuil aon drochrún acu dóibh. Tar éis sclíúchais agus tubaiste, tagann ár mbeirt slán. "Tá a fhios agaibh beirt", arsa an ceannaire, "go bhfuil rialacha againn ar mhaithe libh féin." Leanann an tseanmóir ach ní insítear dúinn cén pionós a

# Pápa Gorm, Deatach Bán?

IS DÓICHÍ gurb é an Cairdinéal Francis Arinze an té a bheas ina Phápa i ndiaidh Eoin Pól II dar leis an *Wall Street Journal* (Mí na Nollag).

Fear gorm atá ina Arinze: ní raibh fear den chine gorm ina Phápa ó aimsir Ghelasius I i 496. Is sa Nigéir a rugadh Arinze i 1932.

Tá sé ar dhuine de phlúr na heaglaise ó 1994 nuair a tionóladh Sionod na hAfraice. Shuigh sé ar chathaoir Pheadair ag deireadh an tSionaid sin mar gheall go raibh an Pápa tinn.

Duine 'conservative and charismatic' atá ann más fior. Má ceaptar é, beidh glór 350 milliún Críostaithe na hAfraice le clos sa Róimh agus ar fud na cruinne.



An Cairdinéal Francis Arinze

## An Séipéal Sistíneach

D'FHIÓGAIR an Vatacán ar an 9ú Nollaig go bhfuil an Séipéal Sistíneach athchóirithe tar éis obair 20 bliain i gcomhair na mílaoise nua. Chuir an Pápa Sixtus IV an séipéal á thógáil ó 1473 go 1481, agus is ar an t-ailtire Giovanni de Dolci a bhí cúram na hoibre. Rinne scoth na n-ealaíontóirí an séipéal a mhaisiú, ina measc Botticelli, Roselli, Signorelli agus Raphael. Chuir Michaelangelo barr ar an obair ó 1508 go 1541, agus is leacht dó féin, d'ealaín an Renaissance agus do chreideamh an duine i nglóir Dé atá sa séipéal ó shin. Is é an séipéal Sistíneach séipéal an Phápa féin. Is ann a bhíonn tionól na gCairdinéal nuair a bhíonn Pápa nua le toghadh.


ghearrfar orthu. Bheadh báidh ag an léitheoir hEvan agus Brigitta cé gur rud tromchúiseach na rialacha a bhriseadh. Cé acu atá i n*Domhan Faoi Cheilt*: ceacht mhóralta, nó iarracht srian a bhaint den tsamhláiocht? An dá rud b'fhéidir.

## Fear an Tae

CHUIR AISTEOIRÍ an Spidéil Fear an Tae le Liam Ó Muirthile os comhair an phobail an mhí seo

caite. Chuir drochaimsir drogall amach ar dhaoine, ach bhí lán an tí i gColáiste Chonnacht an tríú oíche. In ospidéal siciatrach atá Fear an Tae suite, áit a mbíonn idir dhaoine sa dubhpholl (Daithí Ó Muirí, Rónán Ó hEidhin) agus lucht leighis (Roy Ó Gliasáin, Fionnghuala Ní Eidhin).

Cineál eile is ea Fear an Tae é féin (Gearóid Ó Murchú), duine simplí, cruit air agus céim bhacaíle ann, a bhíonn ag freastal ar na



## The Girl I Left Behind

Séipíneach i bparóiste Ghoirtín, Co Shligigh, a bhí san Ath. Pat O'Lochlann i 1906. San am sin, bhí na chéad ghluaisrothair le fáil, agus ní fada gur cheannaigh an tAthair Pat ceann dó féin. Bhí sé ábalta é a chur ag imeacht, ach ba bheag a eolas faoin taobh mheicniúil den obair. Stopadh sé in aghaidh an chláí, nó leanadh sé air go n-ídeodh sé an peitreal. Ba mhinic scaipeadh agus lónrith ar bheithí na háite, agus gach mallacht ar fhearr an ghluaisrothair – cé gur shagart é – ag feirmeoirí na háite.

Rith sé leis an Athair Pat lá go bhféadfadh an mótar beirt a ionpar. D'iarr sé ar Mae Nic Eoin, cailín áitiúil, triail a bhaint as an teoiric leis. Cheangail sise a rothar féin le gluaisrothar an

hothair agus ag coinneáil fealsúnachta leo. Is ag Fear an Tae atá eochair an *boiler-house*, agus eochair an anama. Is aige atá leigheas an chrá, ní ag piollaí an dochtúra. Fuinneogín beag cúng amháin a bhí i seit Sheáin Uí Fhlatharta. Osclaíonn sin amach sa deireadh go noctann grian mhór, dhearg an tsaoil taobh thall de dhorchadas an ospidéil. Bíonn tnúth i gcónaí le drámaí Aisteoirí an Spidéil. Ag feabhsú atá

Athar Pat, agus as go brách leo. Bhí go maith i dtosach, ach de réir mar a bhí misneach ag teacht iontu, nár bhris an téad, agus isteach le Mae bhocht in aghaidh a cinn i gclós na gcomharsan. Níor stop an tAthair Pat ach mile síos an bóthar. Nuair a d'fhill sé, b'ushiúd Mae agus na comharsain ag iarraidh cóir leighis a chur uirthi. Ní dhearna sí ach féachaint bhinbeach a thabhairt air. Mar a dúirt Seosamh O'Heidh agus é ag comóradh na heachtra:

'Ag dul síos an ród  
chualas an glaoch  
Bain síom an píosa rópa  
Ach d'iompaigh mé thart  
'S a Dhia na bhFeart,  
Bhí sí sínte ar an mbóthar.'

B'fhéidir nár mhiste cead pósta a thabhairt don chléir más mian leo muinín na mban a chothú, é sin nó na mná a ligean sna sagairt.

siad de réir mar a chleachtann siad a gceird. 'B'fhearr é ná Pat Kenny,' arsa fear agus an slua ag scaipeadh. Ba sheacht fearr.

## Béalá ar RnaG

AN ÉISTEANN craoltóirí RnaG leis na píosaí ceoil sula seinneann siad ar an aer iad? 'Cúpla port ó Mhico Russell' a cuireadh ar siúl maidin tar éis *Adhmhaidin*. Mhair an ceol leathnóiméad, agus ansin siúd Mico ag míniú stair agus ainm na *Frieze*

*Britches*. 'My father, God rest his soul . . .' B'fhéidir go bhféadfaí Béalá na hÉireann a cheadú ar RnaG. Tá sé níos Gaelá ná a cheapfá. É sin nó na cláracha a réiteach.



## Nioclás Tóibín

### Rinn na nGael

(*Cló Iar-Chonnacht*)

MÓR IS FIÚ an téip *Rinn na nGael* a atheisiúint ina CD. Tá feabhas ar an bhfuaim, agus *ambiance* an chomhluadair ar Mo Thig Beag Aerach (treací 12) dá bharr seo mar shampla. Clúdach *cool* go leor atá ar an CD, ach níl pictiúr Niocláis amuigh ná istigh. Is maith i gcónaí téacs na seanamhrán a chur ar fáil, agus tá leabhraín leis an gceirnín seo. Téacs caighdeánach atá ann, gan a bheith forchaighdeánach. Dhá ní áfach. Stíl an aistriúcháin: 'Twixt Ardmore and Youghal as my footsteps did fall . . .'; 'Break our chains and free our race, . . . wiping the poorhouse from its face'; is ceart a bheith cúramach le rím agus rómánsúlacht. An dara ní: cé a scrióbh an leabhraín beag? Ní hé Nioclás Mac Craith é, cé go bhfuil a ainm ar leathanach a 3. Feicim nóta fiorchúlráideach ar leathanach a 32: 'Roghnu agus nótaí faoi stair na n-amhrán: Éamonn Ó Bróithe'. Comhghairdeachas leis.



# Comhrac Aonair idir Ó Cuív agus Molloy faoin Údarás

Theip ar Sheán Creaven (PDs) le vóta amháin i dtoghchán Údarás na Gaeltachta ar an 4ú Nollaig seo caite. Agus Cuisle á chur i gcló, mí thada tar éis na n-athchomhaireamh in ionad vótala na Ceathrún Ruaidh, tá beirt fós gan ainmniú ar bhord an Údaráis, ainneoin cruinníú boird a bheith ar an 7ú lá. An vóta aonair sin, is vóta é a chuiridh ding fós idir dhá pháirtí an chomhrialtais agus baol olltoghcháin dá bharr. Pé mar a bheidh, tá síol curtha: aighneas nó athmhuintearas, cén toradh a bheidh air?

**MAIDIN DÉ SATHAIRN** an 4ú Nollaig, ag fágáil an tí dó le vóta a chaitheamh i dtoghchán an Údaráis, fuair fear glaoch gutháin ó duine de lucht tacáiochta Sheosaimh Uí Chuaig. Is le Seán Creaven a bhí i gceist ag an bhfeair agus ag a bhean a gcuid vótaí a chaitheamh – ní raibh aithne acu ar aon iarrthóir eile, agus b' é Creaven fear na háite. Athraíodh a n-intinn de bharr na canbhasála gutháin, agus thugadar beirt an chéad vóta don

Chuaigeach.

Is mór an leagan a baineadh astu nuair a chualadar gur chaill Creaven le vóta amháin tar éis trí athchomhaireamh ar na vótai. Dá mbeadh an dá vóta sin ag fear Mhionlaigh, ní bheadh sé ina chogadh idir beirt Airí Stáit na Gaillimhe faoi ar cheart nó nár cheart Seán Creaven a ainmniú ar Bhord an Údaráis.

Aighneas idir an Éamonn Ó Cuív agus Robert Molloy ba chíos leis an moill. Tar éis an toghcháin,

d'fhógair Molloy go raibh na PDs ag ainmniú Seán Creaven ar Bhord an Údaráis, ach ní ghlaicfadh Ó Cuív leis go raibh ceart ag Molloy ná ag na PDs sin a dhéanamh. Tuigtear gur thug Ó Cuív le fios go mbeadh sé sásta éirí as a Aireacht Stáit dá gceapfaí Creaven. Thug Molloy le fios go mba chuid den chomhshocrú rialtais idir an dá pháirtí gur leis na PDs duine de thriúr a ainmniú ar Bhord an Údaráis. Muna raibh Síle De Valera sásta cloí leis

an chomhshocrú sin, bheadh ar na PDs tarraingt amach as an Rialtas.

Moladh a chuir Ó Cuív os comhair an Rialtais is cús leis an aighneas idir é féin agus Molloy. Mhol sé an vóta i dtoghchán an Údarás a bhaint den 7000 duine i gCathair na Gaillimhe a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht oifigiúil. Is cosúil gur chuir Molloy ina aghaidh seo ag cruinniú an Rialtais. Fágadh an vóta ag Tír Oileán agus Cnoc na Cathrach. Tá Molloy i dteideal freastal ar chruinnithe Rialtais cé nach ball den rialtas é, ceart nach bhfuil ag aon Aire Stáit eile.

Cuireadh ceist faoi vótaí na cathrach ar Molloy ar RnaG lá an chomhairlinn agus bhí argóint láidir aige. Cén fáth go mbainfí an vóta de mhuintir na cathrach nuair atá go leor ceantracha tuaithe sa nGaeltacht a bhfuil níos lú Gaeilge iontu? D'admhaigh sé ar an gclár go bhfuil sé in am athbhreithniú a dhéanamh ar theorannacha na Gaeltachta agus go raibh sé i bhfábhar Coimisiún a bhunú chuide sin.

Is deacair a thuiscint cén fáth Ó Cuív a bheith chomh dionghbháilte in aghaidh Seán Creaven a ainmniú

ar Bhord an Údarás. Le linn an chomhairlinn, nuair ba léir nach mbeadh móran vótaí idir é Paddy Beatty (FF) don suiochán deireanach, tugadh le fios do na PDs go n-ainmneofaí Creaven dá dtoghfá Paddy Beatty gan athchomhairesamh. Níor ghlac na PDs leis an dtairiscint, ní nach ionadh. Bhíodar i dteideal duine a ainmniú ar Bord an Údarás, dá dtoghfá Creaven nó mura dtoghfá.

Bhí aighneas beag teangan ag na hathchomhairlinn sa gCeathrú Rua chomh maith. Is iad na PDs a fuair an ceann ab fhéarr ar Fhianna Fáil sa gcás sin. Bhí an Seanadóir Margaret Cox ó Ghaillimh agus Seán Sherwin ó Ardoifig Fhianna Fáil tagaithe anoir le súil a choinneáil ar an tarna athchomhairesamh, agus gach vóta á scrúdú go géar ag an dá thaobh. Suas go dtí sin, is tré Ghaeilge a bhí obair an chomhairlinn á déanamh. Rinne Seosamh Ó Cuaig gearán leis an gCeann Comhairlinn faoin phlé a bheith ar bun tré Bhéarla. Dúirt an t-abhchóide a bhí ann ar son na bPDs, Lúán Ó Braonáin, nach mbeadh fadhb ar bith aige dá

leanfáí ar aghaidh leis an plé i nGaeilge, rud a deineadh, agus fágadh Margaret Cox agus Seán Sherwin ar an imeall.

Dá n-ainmneodh Síle De Valera Seán Creaven ar Bhord an Údarás is bua do Mholloy agus buille in aghaidh Uí Chuív a bhí ann. Tá a mhíshástacht leis an rialtas faoi bhallaíocht sa PFP agus faoin gCáinfhaisnéis curtha in iúl go poiblí ag Ó Cuív le cúpla mí anuas. An éireoidh Ó Cuív as an Aireacht Stáit don Ghaeltacht, má ghéilltear do Mholloy? An bhfuil sé ag cuardach leithscéil le himeacht ó Rialtas atá ag tréigint bhunphrionsabail Fhianna Fáil, rud a déarfadh tráchtairí áirithe?

Dá ndíultódh Síle De Valera d'ainmniúchán Sheáin Creaven, an mbeadh na PDs sásta tarraingt amach as an Rialtas? An dtitfidh an Rialtas, luath nó mall, mar gheall ar an dá vóta sin a bhí á lua le Creaven go dtí go ndearna duine de lucht tacaiochta Sheosaimh Uí Chuaig glaoch gutháin, maidin lá an toghcháin, rud a d'athraigh intinn na beirte, munar athraigh sé cursa na staire?



## INSTITIÚD TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE – MAIGH EO

### B.A. i nGní agus Cumarsáid

RÉIMSE LEATHAN ÁBHAR GNÓ trí Ghaeilge  
TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS trí Ghaeilge  
CUMARSÁID GHNÓ Gaeilge agus Béarla

Maraon le:

Tréimhse Thaithí Oibre  
Teanga Eorpach (Roghnaigh)

GA044 an cód atá le breacadh ar Liosta Chúrsaí  
Céime an C.A.O.

Tuilleadh eolais ó:

Tomy Ó Dorchaidhe nó Cian Marnell,  
Scoil an Ghnó agus an tSruthléinn  
Institiúd Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo  
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh

Teil: (091) 753161 Faics: (091) 758410



## Ollscoil Luimnigh

University of Limerick

### BA sa Léann Éireannach (LM048)

Céim cheannródaíoch a thugann deis do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar Éirinn na linne seo agus ar cheann de phríomhtheangacha na hEorpa. Is iad seo na disciplíni ar a bhfuil an chéim bunaithe:

- An Ghaeilge, idir theanga agus litríocht
- Litríocht Bhéarla na hÉireann
- An Béaloideas Stair na hÉireann
- An Ceol Traidisiúnta
- Teanga Iasachta:  
Francis nó Spáinnis nó Gearmáinis

Cúrsaí céime eile inar féidir an Ghaeilge a roghnú mar phríomhábhar:

- LM021 B.A. Teangacha le Ríomhaireacht
- LM044 B.A. Teangacha Feidhmeacha
- LM045 B.A. Teangacha agus an Léann Cultúir
- LM090 B.Sc. Corpoideachas

Le tuilleadh eolais a fháil scríobh chuig:

An Rannóg Iontrála, Ollscoil Luimnigh, Luimneach

nó Stiúrthóir an Chúrsa:

An Dr. Tadhg Ó hIfearnáin

Roinn na dTeangacha agus an Léinn Chultúir

Ríomhphost: tadhg.ohifearnain@ul.ie

guthán: 061 202797



# Ó na Bronx go Brooklyn An Phléasc Mhór



Division between public and private schools in the States risks deepening if conservative attempts to channel public money into the latter succeed, reports **Des Johnson**. And despite political noises, prejudice regarding illiteracy seems unfounded, as both systems produce graduates incapable of meeting basic entry requirements to New York City University.

**T**Á BORD OIDEACHAIS Kansas tar éis cinneadh a dhéanamh nach mbeidh cúrsaí éabhlóide ná an 'phléasc mhór' ina n-ábhair scrúdaithe níos mó i scoileanna an stáit san. Ní thig leis an mBord muineadh na dteoiricí san a chosc, ach tapóidh líon mór múinteoirí an deis seo lena bhfágaint ar lár. Leanfaidh go leor eile ar aghaidh á muineadh, ach beidh drogall ar na mic léinn am a chur amú le nithe nach bhfuil ar na siollabas.

De réir eite amháin, ní ceart lámh a bheith ag an rialtas, fiodarálach, stáit, nó cathrach, sa chóras oideachais. De réir na heite eile, is ceart don rialtas fiodarálach caighdeán agus clár léinn a chur i bhfeidhm do scoileanna na tire uilig. Is iad na daltaí atá thíos leis an ndornálaíocht pholaitiúil seo, go mormór daltaí na scoileanna poiblí sna ceantair is boichte sna seanchathracha.

Tá droch-cháil ar na scoileanna poiblí san: toradh lag ar an obair, easpa smachta, agus claonadh chun foréigin. Sin ainneoin na hinfheistíochta: meastar gur, caitheadh os cionn \$273,000 milliún ar scoileanna poiblí i 1994-95. Os cionn \$6000 in aghaidh na bliana an meánchostas oiliúna *per* dalta. Ach ó thaobh na matamaitice is na léitheoireachta, tá formhór na scoileanna poiblí chun deiridh ar scoileanna in a lán tíortha eile.

Is mar san freisin d'fhormhór na scoileanna príobháideacha – ach ní admhaítear san go minic. Agus cé go bhfuil cáil an fhóréigin ar



Des Johnson

*'B'éigean d'ollscoil  
chathair Nua Eabhrac  
ranganna a chur ar siúl  
ionas go mbeadh léamh  
ag gach mac léinn nua'*

scoileanna poiblí na gcathracha, níor maraíodh iontu riabh an oiread daoine is a maraíodh in áitcanna go leor eile, Scoil Cholumnbine i gColorado, mar shampla. Dá mba 'leanáí gorra' a dhéanfadh a leithéid de dhúnmharú bheadh na coimeádaigh ag béicil faoi dhroch-chóras na scol poiblí. Ach nuair is páistí geala atá ciontach, seoltar isteach na sluaite 'grief counsellors' le cabhair a thabhairt dos na mic léinn a tháinig slán ón slad.

Cinnte bhí fadhb le fealsúnacht an chórais oideachais in áiteanna, é 'róliobarálach' ó thaobh smachta is ó thaobh scrúduithe de. I Nua Eabhrac, mar shampla, ba ghnách gach dalta a sheoladh ar aghaidh ó rang go rang gan aird ar a n-iompar, a gcumas, nó a gcuind torthaí le linn na bliana. Dá bharr seo, ní raibh ar chumas a lán díobh páipéar nuaíochta a léamh is iad ag fágaint na scoile. B'éigean d'ollscoil chathair Nua Eabhrac ranganna a chur ar siúl ionas go mbeadh léamh ag gach mac léinn nua. Cuireadh fear misnitil i gceannas, Rudy Crew, agus i mbliana is scéal mór é gur coinníodh na mílte

mac léinn siar. Agus ní ghlacfar isteach in ollscoil na cathrach feasta ach daoine a bhfuil na buncáilíochtaí acu.

Pé athruithe a dhéanfar sna scoileanna, tá fadhb mhór ann nach féidir leo a leigheas. Mar ní hionann scolaíocht agus oideachas. De réir na niúró-bhitheolaithe, tosaíonn forbairt an dalta go han-luath, agus tagann forbairt ar chonair niúrónacha na hinchinne de réir mar a spreagtar an páiste i dtús a shaoil. Fiú ag aois a ceathair nó a cúig, tá an dreas mór forbartha déanta ag an inchinn. Mar sin, is namhaid millteannach don léann é an bochtanas. Ní locht ar na scoileanna an méid sin, ach is cuma leis na coimeádaigh. 'Bíodh ár rogha scoileanna againn' an mana atá acu anois le daoine a mhealladh. 'Séard atá uatha i ndáiríre ná airgead cánach a úsáid sna scoileanna príobháideacha. Níor bheag leo lámh an rialtais a bheith san obair má tá airgead ann dóibh féin.

De réir na liobarálach, má caitear airgead poiblí ar scoileanna príobháideacha, beidh na scoilcanna poiblí thíos leis. Ní hamháin go mbeidh níos lú airgid acu, ach glanfaidh na daltaí éifeachtacha amach astu, na daltaí a fhaigheann spreagadh sa mbaile is a bhfuil airgead ag a mintir. Is beag aird a bheidh ag na neamhbhcoicht ar na scoileanna poiblí a thuilleadh, dar leis na liobarálaigh. Agus fágfar cuid díobh ina bpríosúin dos na fíorbhcoicht, iad siúd nach bhfaigheann dcis forbartha sa bhaile. Ní deis éabhlóide a bheidh sna scoileanna sin ach pléasc mhór de shaghás eile.



Seo é an GAEILGE, agus é an gpríomh leabhar agus an t-úllmhéalaí. Tá sé ar fáil i mbunachair.

# January Cuttings

**Tattered decorations and Auntie Jane's Christmas card: after the holidays what's to be done with all the decorations? Recycle them! Teachers will always find a use for coloured paper, and a little later the children can make the first daffodil or snowdrop.**

Tá an teach ciúin tar éis fuadar na Nollag, ach céard a dhéanfaidh leis na cartai, na seannmhaisiúcháin, páipear daite na gcrockers, agus an tinsel. Caithfimid na mhaislucháin is fearr a chur i dtíseas agus iad a chloimead don chead Nollaig eile, ach maidir leis an gcuid is goblaí, ní gá iad a chur sa mbosca bruscair. Níl teora leis an bplesis a bhaintigh na páistí astu, á ngearradh, á stroiceadh, á ngeamáadh.

Mas mian leat fein cuidiu leis an scoll, tabhair lán bosca don mbuainteoir. Is feidir mór a dhéanamh leis na cartai, an sneachta agus na spideoga. Mí Eanáir nuair a thloctaidh an drochaimsir agus an gheimhreadh.

crua, tig leis na páistí pátrún a dhéanamh. Agus is minic clo oirnideach ar na cartai is feidir na litreacha a ghearradh amach, id a bhailiú, agus iad a usáid mar cheannteideal ar phictiúr. 'Sneachta san Aer' 'An Chaoth Chrua' 'Fuar, Fuar, Fuar'

De ghnáth, binní páipear ildaithe sna crackers agus is feidir lena páistí blathanna an cartáin a dhéanamh leo ans. Bainfidh siad an-sult as an ealaín agus is facseann ala ann an obair scoile. Teastálonn an chothromalacht sin i bhiorbairt an phaiste, go mormor sa lá atá inniu ann agus chead oraí ar dhaoine an-óga iorthair maithé a bhaint amach at scoll.



## Litreacha chuig Rua

Mo cheol sibh, a pháistí! Chaith mé seachtain ag léamh bhur gcuid litreacha. Bhí oiread acu ann nach raibh an t-am agam an crosthocal a dhéanamh Dé Luain. Seo cuid de na litreacha.

'Ba mhaith liom bheith i mo mhúinteoir,' arsa **Sorcha**, Rang a 3, Gaelscoil Phádraig, Bhaile Phámar, 'mar is féidir ealaín a dhéanamh leis an páistí agus crosthocal agus pictiúir.' Ba mhaith le **Hannah Ní Uiginn**, Leamhcán, dul ag taisteal nuair a bheas sí mór. 'Beidh mé ag dul san aigéan, agus beidh mé ar bád freisin,' ar sí. 'Nuair a bheidh mé fásta ba mhaith liom bheith ag obair mar gharda,' arsa **Oisín Góislín**. 'Beidh orm dul go coláiste i gcomhair dhá bhliain. Tá an coláiste i

### NUAIR A BHEAS MÉ MÓR

Templemore. I gcónai bíonn gárdaí mór agus láidir. Tá súil agam go mbeidh mé garda mór deas láidir lá amháin.' Ba mhaith le **Ruairí Ó Corragáin** peil a imirt le Baile Átha Cliath. 'Beidh mé an cún báire is fearr sa tír. Beidh mé níos fearr ná éinne duine.' 'Ba mhaith liom bheith i mo amhránaí nuair a bheas mé mór.' Arsa **Rebecca Ní Dhálaigh**. Ba mhaith liom singil a

dhéanamh. Agus uimhir a haon a fháil.' 'Nuair atá mé mór ba mhaith liom bheith ar a lán drámaí, mar mo Mamaí,' arsa **Fiona Ní Chiaragáin**. 'Uaireanta téann mé le mo Mamaí go dtí an cleachta. Seo an slí a fuair mé suim sa dráma. Beidh orm dul go scoil speisialta,' ar sí. Ba mhaith le **Caoimhe Ní Dhálaigh**, Co Chill Dara, a bheith ina tréadlia: 'Faigheann tú a lán airgid ach tá na hainimhithe níos tabhachtáil na airgead'. Píolóta a bheas i gConchúr Crowter, a deir sé. Maith sibh, a pháistí.



## Rua Sa Linn Snámha

Maidin gheimhridh a bhí ann, agus bhí Rua ar a leaba. Bhí sé a naoi a' chlog, ach bhí an spéir fós dubh, dorcha sa mBaile Mór. Chuir Rua an lampa beag ar siúl. Shuigh sé aniar go mall.

"Dia á réiteach," ar sé, "tá pianta i mo chosa." Chuir Nua a smut isteach thar an doras.

"A Rua, an bhfuil tú ag éirí?"

"Gabh isteach," arsa Rua.

"Céard atá ort?" arsa Nua.

"Abair le Máirín a theacht aníos."

Tháinig Máirín.

"Céard é féin?" ar sí.

"Pianta sna cosa," arsa Rua.

Thug Máirín muigín bainne te aníos chuig Rua.

"Dúirt an dochtúir leat anuraidh nach siúlann tú do dhóthain i rith an gheimhridh," ar sí.

"Dúirt," arsa Rua.

"Agus dúirt sé leat dul chuig an linn snámha má tharlaíonn sé arís."

"Dúirt," arsa Rua.

"Ach ní dheachaigh tú ann," arsa Nua.

D'ól Rua bolgam as an muigín.

"Caithfidh tú a dhul chuig an linn snámha," arsa Máirín.

Ghlan Rua a scornach.

"Rachaidh mé ann, a Mháirín, má shíleann tusa gur ceart dom é."

"Tá Rua ag dul ag snámh," arsa Nua agus chaith sé léim suas ar an leaba.

"Agus rachaidh tusa leis," arsa Máirín.

"Is fuath liom an t-uisce," arsa Nua.

"B'fhéidir go mbeadh iasc ann," arsa Rua.

"Iasc?" arsa Nua. "bhuel . . . b'fhéidir."

D'fhág Rua agus Nua an Chlúid tráthnóna le dul chuig an linn snámha. Bhí lán bus páistí scoile ann rompu, agus gach béic áthais acu. Shroich siad an linn snámha agus isteach leo go bhfuair siad dhá thicéad.

"Ní fheicim aon iasc," arsa Nua.

Chuir Rua a chulaith snámha air. Bhí sí cosúil le babygro mór.

"Níl a fhios agam cén taobh a gcuirfidh mé mo dhrioball," arsa Rua.

# AN CHLÚID

"Níl mo chulaith snáimha agamsa," arsa Nua agus pus air.

"Is cuma," arsa Rua.

"Ní maith liom snáimh ar aon nós," arsa Nua.

"Fan san áiléar ag breathnú orm mar sin," arsa Rua.

Bhí go maith.

Nígh Rua é féin sula ndeachaigh sé ag snáimh. Chuir sé siampú air féin. Rinne an siampú sobal air: ar a fhéaság, ar a mhoing mhór rua, ar bharr a chinn.

"Dia á réiteach, tá sobal ar mo dhrioball," arsa Rua agus é á ghlanadh féin.

Isteach leis sa linn snáimha faoi dheireadh. Bhí scanradh ar chuid de na páistí roimh an leon mórligeach, rua.

"Ná bíodh faitíos oraibh, a pháistí," arsa an maor, "sin é Rua."

"Dia daoibh, a pháistí," arsa Rua, agus síos leis faoin uisce ag oibriú a chuid cosa.

D'fhan Rua tamall sa linn snáimha. Suas síos an

linn snáimha leis go mall, staidéartha. San áiléar a bhí Nua. Nuair a tháinig Rua amach, thriomaigh sé é féin. Bhí trí thíúille aige. Ní fada go raibh sé réidh. Thriomaigh sé a mhoing agus a fhéaság ansin leis an triomadóir gruaige. D'éirigh an fionnadh mar gheall ar an séideadh te.

"Mmm," arsa Rua, agus é ag breathnú air féin sa scáthán, "tá an fionnadh ina sheasamh orm."

Nuair a tháinig siad abhaile bhí an bainne téite ag Máirín, agus mias móris mhilis san oighean.

"Agus ní dheachaigh Nua ag snáimh," ar sí.

"Bhí sobal ar Rua san uisce," arsa Nua.

Bhain Rua bolgam móris as a mhuigín bainne.

"Dia á réiteach," ar sé, "tá mé tugtha."

Agus rinne sé méanúch na seanleon mantach.

"Codlóidh tú anocht," arsa Máirín.

"Codlód," arsa Rua.

"Agus mise!" arsa Nua.

Agus chodail.

## Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostai

© AN GUA

### Eagrán Nua

#### • Ceadúnadh

#### • Tábhachtach

#### • Ceartach

Eagrán nua den leabhar flóirtheolaíochta a sholáthraíodh i mbun an t-eagras.

Is é an t-eagras breise ann agus soilleirtear é ar an eolas agus an t-eolas.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.

Is é an t-eagras a tháinig ón t-eolas agus gutha.



Is cuma an iad

S O I L S I

na mórchathrach atá ann nó  
baile beag iargúlta iascaireachta  
san iarthar, bionn

C E A M A R A

de chuid RTÉ ann chun é a  
thaispeáint i ngach teach sa tír. Ón

A I C S E A N

beo ag ócайдí spóirt idirnáisiúnta,  
go dtí atmaisféar aerach ceolchoirme  
móire, déanaimidne cláir nach mbíonn

G E A R R

ar théagar, mar is againne atá  
na hacmháinní, na daoine agus an  
teicneolaíocht chun iad a dhéanamh  
níos fearr. Cuir sin ar fad le chéile agus  
tá agat a mbíonn an lucht féachana ag  
súil leis agus nach féidir ach le RTÉ,  
Craoltóir Náisiúnta na hÉireann,  
a chur ar fáil.

RTÉ